

Ag croílár chúram sláinte na hÉireann

Vhi um Chúram Sláinte Tuarascáil Bhliantúil & Cuntais 2011

SONRAÍ NA CUIDEACHTA

Príomhbhaincéirí

Banc AIB cpt

Iniúcháirí

Deloitte & Touche

Aturnaetha

McCann Fitzgerald

Achtúirí Comhairleacha

Towers Watson

Oifigí ar Oscailt

10rn-4in

Luan-Aoine

Guthán

ÍosGhlao 1890 44 44 44

Línte ar Oscailt

8rn-6in Luan-Aoine

9rn-3in Satharn

Rphost/Láithreán Gréasáin

info@vhi.ie

www.vhi.ie

Baile Átha Cliath

Teach Vhi

Sráid na Mainistreach Íochtarach

Baile Átha Cliath 1

Facs: 01 8734004

Corcaigh

Teach Vhi

70 An Meal Theas

Corcaigh

Facs: 021 4277901

Gaillimh

Teach Vhi

10 An Fhaiche Mhór

Gaillimh

Facs: 091 564307

Gaoth Dobhair

Údarás na Gaeltachta Business Park

Gaoth Dobhair

Co. Dhún na nGall

Facs: 074 9531548

Cill Chainnigh

Páirc Ghnó IDA

Inse an Phuirséalaigh

Bóthar Bhaile Átha Cliath

Cill Chainnigh

Facs: 056 7761741

Luimneach

Teach an Ghairneora,

Cé Charlotte

Luimneach

Facs: 061 310361

CLÁR ABHAIR

<u>Staitisticí Oibríochta</u>	<u>4</u>
<u>Bord Stiúrthóirí</u>	<u>8</u>
<u>Athbhreithniú an Chathaoirligh</u>	<u>12</u>
<u>Foireann Bhainistíochta</u>	
<u>Feidhmiúcháin</u>	<u>18</u>
<u>Athbhreithniú na nOibríochtaí</u>	<u>20</u>
<u>Tuarascáil na Stiúrthóirí</u>	<u>28</u>
<u>Tuarascáil na nIniúcháirí</u>	<u>36</u>
<u>Ráiteas ar Bheartais</u>	
<u>Chuntasaíochta</u>	<u>38</u>
<u>Cuntas Ioncaim</u>	
<u>agus Caiteachais</u>	<u>42</u>
<u>Clár Comhardaithe</u>	<u>44</u>
<u>Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid</u>	<u>46</u>
<u>Ráiteas ar Ghnóthachain agus</u>	
<u>Caillteanais Aitheanta Iomlána</u>	<u>46</u>
<u>Nótaí do na Cuntais</u>	<u>47</u>
<u>Torthaí Comparáideacha</u>	<u>59</u>
<u>Bainistiú Fuinnimh agus</u>	
<u>Inbhuanaitheacht</u>	<u>60</u>



Clinicí Vhi Swiftcare

Soláthraíonn Clinicí Vhi SwiftCare cúram leighis ar bhonn siúil isteach le haghaidh mionghortuithe agus miontinnis agus é mar aidhm leo cóir leighis a chur ar dhaoine laistigh d'uair a' chloig amháin.

In 2011

- Cuireadh cóir leighis ar 70,000 othar ar fud na dtrí chlinic i nDún Droma, i Sord agus i gCorcaigh
- Cuirtear cóir leighis ar meánlón 1,300 othar gach seachtain le meánlón 190 othar in aghaidh an lae

Seo a leanas na cúig phríomhriochtaí a dtugtar cóir leighis ina leith:

- Gortuithe fíocháin bhoig
- Bristeacha
- Leontaí agus struis
- Fadhbanna riospráide
- Mionghearrthach

Nua don bhliain 2011:

- Tabhairt isteach gnáthsheirbhís fiaclóireachta i nDún Droma
- Tabhairt isteach seirbhís péidiatraiceacha i nDún Droma agus i Sord
- Creidiúnú de chuid CHKS
- Caighdeán ISO 9001-2008




STAITISTICÍ OIBRÍOCHTA

SCIAR DEN MHARGADH

Tá Vhi um Chúram Sláinte tar éis sciar den mhargadh a chailliúint le 10 mbliana anuas, ag titim ó 84% in 2001 go 57% faoi dheireadh na bliana 2011. In ainneoin go bhfuil 57% den mhargadh foriomlán aige, tá os cionn 70% dóibh sin atá d'aois 60 nó níos sine ag Vhi um Chúram Sláinte.


- VHI
- Eile



BALLRAÍOCHT DE RÉIR AOISGHRÚPA

Le 10 mbliana anuas, tá méadú 54% tagtha ar sciar chustaiméirí Vhi um Chúram Sláinte ag aois seasca nó os a chionn, le laghdú 9% tagtha ar an sciar d'aois faoi bhun seasca bliain. In éagmais córas um chothromú riosca i mbun feidhme go hiomlán, tá fórsaí margaidh tar éis iomaíochas suntasach i ndáil le custaiméirí níos óige, níos brabúsaí a thiomáint chun cinn gan mórán iomaíochais in aon chor i ndáil le custaiméirí níos sine gurbh caillteanas a dhéantar astu.

- 60+
- <60



MEÁNCHOSTAS ÉILIMH IN AGHAIDH AN CHUSTAIMÉARA

Le 10 mbliana anuas tá Vhi um Chúram Sláinte tar éis tabhairt faoi roinnt tionscnamh um shrianadh costais:


- a. Idir 2009 agus 2010 rinne Vhi um Chúram Sláinte idirbheartaíocht i ndáil le laghdú 15% ar tháillí comhairleora agus laghdú 6% ar tháillí ospidéal phríobháideacha.
- b. Tá Vhi um Chúram Sláinte tar éis díriú ar nósanna imeachta a aistriú chuig suímh níos cost-éifeachtúla. Ó 2001 i leith, tá méadú os cionn 240% tagtha ar líon na ngnáthamh sainithe cúraim lae agus méadú os cionn 120% tagtha ar líon na ngnáthamh sainithe taobhsheomra.
- c. Tá an tAonad Speisialta Imscrúdaithe Éileamh (SIU) a bunaíodh in 2005 tar éis os cionn €12.9m a aisghabháil agus imscrúdú a dhéanamh ar os cionn 12,400 cás tugtha chun solais ag chustaiméirí maidir le héilimh a fócadh ar a son.

- d. Feidhm de chuid an phróisis aosaithe é caiteachas um chúram sláinte, tá daoine ag maireachtáil níos faide le galair níos ainsealaí agus dá thoradh tá méadú ar an éileamh ar sheirbhísí um chúram sláinte. Tá an meánchostas a bhaineann le freastal ar riachtanais chúram sláinte duine atá seasca bliain d'aois nach mór 6 oiread an mheánchostais a bhaineann le duine atá cúig bliana is fiche, (cóimheas 6:1), do dhaoine atá 70 bliain d'aois, méadaíonn an cóimheas seo go 9:1 agus do dhaoine d'aois 80 + tá an cóimheas ag nach mór 12:1. Níl dabht ann ach gur chuidigh sciar díréireach Vhi um Chúram Sláinte den aoisghrúpa 60 nó níos sine leis an méadú 203% ar an meánchostas éileamh iomlán in aghaidh an chustaiméara le 10 mbliana anuas.

Méadú 5 Blian	€402	69%
Méadú 10 mBliana	€657	203%

Foinse: Inmheánach, lena n-áirítear Éilimh um Chúram Príomhúil agus Othar Seachtrach

Meánchostas éilimh in aghaidh an chustaiméara




STAITISTICÍ OIBRÍOCHTA (AR LEAN)

ATHRUITHE I NDÁIL LE SEACHADADH CÚRAIM: 2001—2011

Díríonn Vhi um Chúram Sláinte ar chúram a sheachadadh sa suíomh is feiliúnaí. Le dul chun cinn i gcúrsaí míochaine, tá na suímh inar féidir gnáthaimh a chur i gcrích de shíor ag athrú. Déanann Vhi um Chúram Sláinte monatóireacht chúramach ar ghnáthaimh le cinneadh a dhéanamh i leith céard iad na gnáthaimh ar féidir a chomhlíonadh i suímh níos cost-éifeachtaí ar nós cúram lae agus taobhsheomraí. Dá thoradh sin tá laghdú tagtha ar líon na n-othar ar cuireadh cóir leighis orthu i suíomh níos costasaí an othair chónaithe ó 50% in 2001 go dtí 29% in 2011.

● Cúram Lae agus Taobhsheomra


● Othair Chónaitheacha



% NA NÉILEAMH DE RÉIR CATAGÓIRE BREOITEACHTA 2011

Breoiteacht


	Noll 2001 %	Noll 2011 %
● Ailse & Cúram Gaolmhar	16.3	19.1
● An Croí & an Córas Imshruthaithe	15.7	13.4
● Cúram Ortaipéideach	10.2	13.3
● An Córas Díleáite	10.1	9.8
● Imscrúdú ar Riochtaí, Siomptóim Neamhshainith	6.1	7.8
● Néarchóras & Orgáin Chéadfacha	5.1	6.0
● An Córas Riospráide	5.7	5.4
● An Córas Úraiginiúil	7.0	5.4
● Neamhoird Mheabhracha	6.3	5.1
● Timpistí	3.9	3.8
● Toircheas & Breith Clainne	6.0	3.8
● Eile	7.6	7.1



CÚIG PHRÍOMHRIOCHTAÍ A DTUGTAR CÓIR LEIGHIS INA LEITH

Sa bhliain 2011, chaith Vhi um Chúram Sláinte níos mó ná €1.2 billiún ar mhaoiniú ar riachtanais chúraim sláinte ár gcustaiméirí. Bhain ár gcaiteachas um chúram sláinte ba shuntasai le cóir leighis na gcúig riochtaí liostaithe anseo thíos. Cé nár tháinig aon athrú le deich mbliana anuas ar na cúig phríomhriochtaí, de bharr ár bpróifíl chustaiméirí aosaithe tá méadú tagtha ar sciar iomlán an chaiteachais ar éilimh i ndáil leis na riochtaí sin, ag ardú ó 58% in 2001 go dtí os cionn 63% in 2011.

	2001	2006	2011
	%	%	%
• Ailse & Cúram Gaolmha	16.3	17.8	19.1
• An Croí & an Córas Imshruthaithe	15.7	14.4	13.4
• Cúram Ortaipéideach	10.2	11.0	13.3
• An Córas Díleáite	10.1	10.1	9.8
• Imscrúdú ar Ríochtaí, Siomptóim Neamhshainithe	6.1	6.7	7.8
• Eile	41.6	40.0	36.6



BORD STIÚRTHÓIRÍ

01 Bernard Collins Cathaoirleach

Tá Bernard Collins ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Lifemed Consulting Limited. Tá BA Onóracha sa tSíceolaíocht Thionsclaíoch Fheidhmeach/Gnó ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, Éire aige. Tá an tUas. Collins ar bhord go leor cuideachtaí eile in Éirinn agus i Stáit Aontaithe Mheiriceá. D'oibrigh sé ar feadh 10 mbliana mar Leasuachtarán na nOibríochtaí Idirnáisiúnta ag Boston Scientific Corporation go dtí 2003. (*)

02 Declan Moran Príomhfheidhmeannach Gníomhach

Tá Declan Moran ina Phríomhfheidhmeannach Gníomhach de chuid Vhi um Chúram Sláinte i láthair na huair le teideal an Stiúrthóra um Fhorbairt Mhargáíochta agus Ghnó aige roimhe seo. Tá Declan ina Chomhalta d'Institiúid na nAchtúirí ó 1994 i leith agus tháinig sé go Vhi i 1997 ón tionscal saoil agus pinsean. Ceapadh ar Bhord Stiúrthóirí Vhi um Chúram Sláinte é in 2008. Go dtí seo tá sé freagrach as bainistiú na punainne táirgí de chuid Vhi um Chúram Sláinte agus forbairt na dtáirgí agus seirbhísí nua. Tá saineolais achtúireach soláthartha aige freisin laistigh den eagraíocht.

03 Gillian Bowler FMII FMgt, Dochtúireacht Onórach le Dlí
Cathaoirleach, Irish Life & Permanent, Cpt., Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin, Grafton Group. (*)

04 Criostóir Ó Cuana (Christy Cooney), Máistreacht Oideachais, Uachtarán an CLG (#)

05 Seamus Creedon

Is achtúire cáilithe é Seamus Creedon agus tá sé ceaptha ar bhonn neamhfheidhmiúcháin ar roinnt cuideachtaí árachais saoil, árachais ghinearálta agus atharachais in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe. Is é atá i gceannas ar rannchuidiú ghairm achtúireach na hEorpa le "Solvency II". Bhí sé ina chomhpháirtí i KPMG, Londain áit a raibh sé i gceannas ar an gcleachtas achtúireach agus é ina Leascheannaire ar an cleachtas achtúireach Domhanda dá chuid. Roimhe sin bhí ina Phríomhfheidhmeannach de chuid Lifetime, Cuideachta Árachais Saoil Bhanc na hÉireann agus mar Cheannaire na Forbartha Corparáidí san Eoraip ar son Bhanc na hÉireann.

06 Liam Downey

Iar-Phríomhfheidhmeannach Éireannach de chuid Becton Dickinson, cuideachta ceannródaíoch domhanda sa mhíochaine teicneolaíochta, é Liam Downey. Chaith sé seal mar Chathaoirleach ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, mar Uachtarán ar Chónaidhm Fhostóirí na hÉireann, mar iontaobhaí agus mar chomhalta boird de Chónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC), mar Chathaoirleach ar Chumann Feistí Míochaine na hÉireann agus mar bhall den Choimisiún um Chaidreamh Oibreachais. Is céimí de chuid an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath é, agus is comhalta cairte é den Institiúid um Fhorbairt Foirne agus Comhalta d'Fhoras Bainistíochta na hÉireann. (*)

01



02



07



08



Chomhlíon Gillian Bowler Uasal, Karen Hickey Dwyer Uasal, an tUas. Humphrey Murphy agus an tUas. Liam Twohig a dtéarmaí oifige i mí Iúil 2011, d'éirigh an tUas. Jimmy Tolan as a phost mar Phríomhfheidhmeannach i mí Dheireadh Fómhair 2011.

ag léiriú Comhalta an Choiste Iniúchóireachta

* ag léiriú Comhalta an Choiste Luach Saothair

07 Celine Fitzgerald

Is í Celine Fitzgerald POF de chuid Rigney Dolphin Group, a fhostaíonn breis agus 1200 duine. Sular thosaigh sí ag obair le Rigney Dolphin, bhí sí ina Stiúrthóir Feidhmiúcháin ag Vodafone Ireland ar feadh breis agus seacht mbliana. Is saineolaí ar bhainistíocht caidreamh custaiméirí agus ar sheirbhísí do chustaiméirí í agus go dtí seo tá roinnt ról sinsearach glactha de láimh aici sna hearnálacha teileachumarsáide agus BPO. (#) (*)

08 Cathriona Hallahan FCCA

Thosaigh Cathriona Hallahan i mbun oibre le Microsoft i 1986 agus ceapadh mar Stiúrthóir Bainistíochta ar Ionad Oibríochtaí EMEA (EOC) de chuid Microsoft í in 2008. Tá sí i gceannas ar fhoireann 600 duine a bhainistíonn oinríochtaí ar fud 120 tír. Is Oiliúnaí Feidhmiúcháin cáilithe í agus tá spéis ar leith aici i mBainistíocht Athruithe agus i bhForbairt Ceannaireachta. I láthair na huaire tá sí ar bhord Chomhlachais Thráchtála Mheiriceá, ar bhord Kanchi Network agus ainmníodh í mar Bhean Ghnó na Bliana 02 WMB sa bhliain 2009.

09 Karen Hickey-Dwyer FRIAI

Is sainchomhairleoir le hAturnaetha, Hickey-Dwyer, í Karen Hickey-Dwyer faoi láthair, le réimse sainspéise aici i gcúram sláinte, dlí teaghlach, faillí chliniciúil agus dlíthíocht árachais. Glacadh léi i Rollaí Dhlí-Chumann Corpraithe na hÉireann i 1998. Comhalta, Comhlachas Barra Aturnaetha Bhaile Átha

Cliath, Comhalta, Comhlachas Dlíodóirí Teaghlach, Comhalta, Dlí-Chumann na hÉireann, Comhalta, Comhlachas Dlíodóirí um Dhíobhálacha Pearsanta agus Comhalta, Cumann Idirnáisiúnta an Bharra. (#)

10 Humphrey Murphy

Cathaoirleach, Hygienic Stainless Steels Ltd sa Ríocht Aontaithe, Comhalta de Chomhlacht Rialaithe Choláiste na hOllscoile, Corcaigh 1997 go dtí seo, Cathaoirleach ar Choiste Iniúcháireachta Choláiste na hOllscoile, Corcaigh 2003 go dtí seo, Stiúrthóir ar Údarás Aerfort Chorcaí. [*]

11 Jimmy Tolan BComm, FCA, Príomhfheidhmeannach

Thosaigh Jimmy Tolan ag obair le Vhi um Chúram Sláinte mar Phríomhfheidhmeannach i mí Bealtaine 2008. Bhí an tUas. Tolan ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Fyffes plc ó Eanáir 2007 agus rinne sé bainistiú ar fheidhm éadála Fyffes ó 1993. Cuntasóir cáilithe is ea Jimmy Tolan agus fuair sé a chuid oiliúna ó KPMG. Tá Céim B.Comm agus Diplóma i gCuntasaíocht Ghairmiúil aige ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Sheas Jimmy síos mar POF – 31ú Deireadh Fómhair 2011

12 Liam Twohig BComm FCA

Comhpháirtí sinsearach, Baker Tilly Ryan Glennon, Comhpháirtithe Gnó agus Cuntasóirí, Iar-Uachtarán, Comhlachas Tionscail agus Tráchtála na Gearmáine-na hÉireann. (#)

03



04



05



06



09



10



11



12





Vhi HomeCare

Is seirbhís nua nuálach í Vhi HomeCare a cheadaíonn d'othair oiriúnacha coir leighis a fháil ó dhochtúirí agus altraí i gcompord agus sábháilteacht a dteaghlach féin, áit ina mbíodh glacadh isteach ospidéil ar an t-aon rogha.

- Cóir leighis curtha ar 1,247 othar ina dteaghlach féin ó cuireadh tús leis an seirbhís in 2010. (867 in 2001)
- 12,500 lá um leaba ospidéil sábháilte – le coigiltis airgid ghaolmhara de chuid os cionn €12 milliún
- Bhí 18% d'othair d'aois 40 nó níos óige, 23% d'aois 41-60, 42% d'aois 61-80 agus 17% os cionn aois 80
- Mholfadh 99% d'othair an tseirbhís do dhaoine eile
- B'fhearr le 85% úsáid a bhaint ag Vhi HomeCare seachas coir leighis a fháil in ospidéal
- Dúirt 995 díobh siúd a cuireadh ceist orthu go raibh an tseirbhís go maith, an-mhaith nó den chéad scoth.



ATHBHREITHNIÚ AN CHATHAOIRLIGH



Mar a bhíothas ag súil leis, bliain dhúshlánach ba ea 2011 do Vhi um Chúram Sláinte agus do Mhargadh an Árachais Sláinte Phríobháidigh trí chéile. De dheasca coinníollacha geilleagracha deacra b'éigean do mhórán custaiméirí an margadh a thréigean agus rinne mórán eile acu an cumhdach árachais a bhí acu cheana féin a íosghrádú. Mar sin féin, tá roinnt straitéisí gnó faoi stiúir an Bhoird agus na Foirne Bainistíochta ag cuidiú le Vhi um Chúram Sláinte a chur ar ais ar bhonn inbhuanaithe don todhchaí.

Bhí ár bhfócas dírithe ar chostais a laghdú le 4 bliain anuas agus ag an am céanna gan dochar a dhéanamh de chaighdeán na seirbhíse á seachadadh dár gcustaiméirí. Tá an straitéis ag obair agus táimid muiníneach go bhfuil an timpeallacht airgeadais cheart á chruthú againn d'fhonn cobhsaíocht fhadtéarmach a bhaint amach. Don chéad uair ó 2007, tá farasbarr beag taifeadta ag Vhi um Chúram Sláinte in 2011.

Mar a sonraíodh níos luaithe chuaigh an Bord i mbun clár suntasach um shrianadh costais in 2007. Dhírigh sé sin ar roinnt príomhréimsí lena n-áirítear laghdú ar na rátaí íoctha le soláthraithe lena n-áirítear táillí íoctha le hospidéal agus comhairligh araon, ag deimhniú go ndéantar an oiread gnáthamh agus is féidir ar an socrú is ísle costais, nuair is cuí ó thaobh leighis de, rialúcháin níos déine i ndáil leis an bpróiseas um íoc éileamh chomh maith le fócas láidir ar laghdúithe costais inmheánacha. Tá an clár seo tar éis torthaí suntasacha a sheachadadh:

- In 2011 d'íoc Vhi um Chúram Sláinte thart ar €1.2 billiún ag freastal ar riachtanais chúraim sláinte ár gcustaiméirí. Is ionann seo agus laghdú 5.6% ar íocaíocht na bliana 2010 cé gur seachadadh níos mó cúraim in 2011 i gcomparáid le 2010 agus feabhsú suntasach ar cháilíocht na cóireála ina raibh gá le teicneolaíocht níos costasaí.
- Ó 2009 táthar tar éis coigiltí iomlána de €190 milliún a bhaint amach de bharr idirbheartaíochtaí le soláthraithe, costais riaracháin laghdaithe agus méadaithe in éifeachtachtaí ar fud an ghnó trí chéile.
- Athrú leanúnach na cóireála go socruithe ar chostas íseal – comhlíontar 70% de ghnáthaimh anois i socruithe cúraim lae agus taobhsheomra i gcomparáid le 51% in 2007.

Táimid ag dul isteach i gCéim 2 anois dár gclár um rialú costais agus táimid imithe i gcomhairle Comhairligh Milliman chun athbhreithniú bainistíochta úsáide dár gcaiteachas um chúram sláinte a dhéanamh agus comhairle a fháil uathu más féidir éifeachtúlachtaí breise a bhaint amach sa tslí seo.

Réimse amháin atá ina chúis imní dúinn go fóill is ea costais mhéadaithe na leapacha príobháideacha in ospidéal phoiblí. Cé go dtuigim cinneadh an Aire na méaduithe i leapacha príobháideacha in ospidéal phoiblí a choimeád faoi bhun 5% don bhliain 2012, ní thógann sé seo aird ar bith ar an bhfíric go bhfuil méadú thart ar 41% tagtha ar chostas na leapacha príobháideacha in ospidéal phoiblí ó 2009. Is

í an Roinn Sláinte a shocraíonn na rátaí a ghearrann na hospidéal phoiblí, níl siad faoi réir idirbheartaíochta, agus dá réir is deacair do Vhi um Chúram Sláinte éifeachtúlachtaí costais a thabhairt isteach sa réimse seo. Ba mhian le Vhi um Chúram Sláinte a bheith in ann idirbheartaíocht a dhéanamh go díreach le hospidéal phoiblí i ndáil le rátaí. In éagmais sin aithnímid go bhfuil méadú níos measartha de 4% i 2011 curtha i bhfeidhm ag an Aire Sláinte, i gcomparáid le blianta roimh sin agus mholfaimis dó na costais sin a laghdú agus sinn ag dul chun cinn mar atá á dhéanamh ag ospidéal phríobháideacha. Déanfaidh athruithe molta le déanaí, ina ngearrfaí táille ar othair phríobháideacha ag úsáid leapacha poiblí in ospidéal phoiblí, má chuirtear i bhfeidhm go hiomlán iad, dúbláil i ndáiríre ar an méid a íocann Vhi um Chúram Sláinte do chustaiméirí ag freastal ar ospidéal phoiblí. Táimid den tuairim nach mbeidh an margadh in ann an t-ioncam breise seo a bhailiú agus go gcuirfear iallach air roghanna eile a mheas má théann an Rialtas chun cinn mar atá beartaithe.

Mar thoradh ar chlár leanúnach de thionscnaimh um shrianadh costais tá dul chun cinn seasmhach go maith déanta againn i ndáil lenár straitéis chun Vhi um Chúram Sláinte a thabhairt i dtreo na hinbhuanaitheachta airgeadais. Rachaidh gnóthú na sprice seo chun leasa ár gcustaiméirí, ár ngeallsealbhóra agus ár bhfostaithe ach bhí cinntí deacra táirge agus praghsála le déanamh in 2011 dá thoradh. Bhí gá leo seo toisc nárbh ann do mheicníocht chuimsitheach um chomhroinnt rioscaí chun tacú le pobalráit in ainneoin dul chun cinn déanta i rialú costais. Chun a chinntiú go leanann Vhi um Chúram Sláinte ar aghaidh a bheith inbhuanaithe agus ag feidhmiú de réir ár n-oibleagáidí dlí i ndáil le hioncam agus caiteachas a mheaitseáil, ní raibh an dara rogha ag Vhi um Chúram Sláinte, anuraidh, ach praghas an-ard a chur ar a Phleananna Health Plus Access agus Health Plus Extra (táirgí Plean B agus Rogha Phlean B). Cúis aiféala ba ea na méaduithe sin ach bhí gá leo d'fhonn costas maoinithe um riachtanais chúraim sláinte ár gcustaiméirí a chumhdach i gcaitheamh na bliana.

An príomhdhúshlán atá ann do mhargadh an árachais sláinte phríobháidigh ná éagobhsaíocht leanúnach sa mhargadh pobalráitithe. Bhí an pobalráit ceaptha chun a chinntiú gur cheart an costas cúraim sláinte a chomhroinnt go comhréireach i measc gach duine a bhí faoi árachas. D'fhonn fóirmhargadh iomaíoch a bheith ann caithfear é a rialú ar bhealach ina mbeadh sé chomh tarraingteach céanna duine 80 bliain d'aois a chur faoi

ATHBHREITHNIÚ AN CHATHAOIRLIGH

(AR LEAN)

árachas is a bheadh sé duine 30 bliain d'aois a chur faoi árachas. Faraor tá an dreasacht fós sa mhargadh chun custaiméirí óga a phiocadh agus dá réir déantar an margadh a dheighilt agus i ndeireadh na dála, bíonn ar chustaiméirí níos sine níos mó a íoc. Tá córas daingean agus éifeachtach um chomhthiomsú rioscaí rithabhachtach chun pobalráit a chosaint agus tacú le custaiméirí breacaosta.

In Eanáir 2012 d'fhógair an tAire Sláinte agus Leanaí leasuithe ar an tobhach agus ar an gcóras faoisimh cánach aois-choibhneasa ag an bhfoinse. Cé go bhfuiltear i bhfad ó bheith éifeachtach maidir le costais chúraim sláinte chustaiméirí breacaosta a mhaoiniú, bhí na leasuithe níos suntasaí ná mar a bhí i mblianta roimhe sin agus is céim chun cinn iad i ndáil le scéim chuí, dhaingean agus iomlán um chothromú riosca a fhorfheidhmiú chun bonn agus taca a chur faoin mbeartas sóisialta um pobalráit. Aithnímid ról an Aire agus an HIA i ndáil leis an gcinneadh seo a ghlacadh de láimh.

Tá na gníomhaíochtaí ar ghlac an tAire leo rithabhachtach do Pholasaí an Rialtais i ndáil le hÁrachas Sláinte Uilechoiteann a Fhorfheidhmiú agus creidimid gur féidir le Vhi um Chúram Sláinte a bheith ina acmhainn straitéiseach don Rialtas sa chaoi sin. Mar sin féin, tá bearna mór fós ann i ndáil le cothromú riosca iomlán ar an margadh. Measaimid go bhfuil an córas reatha 65% éifeachtach agus tá géarghá leis an mbearna seo a laghdú in 2012.

Údarú agus Corprú Vhi um Chúram Sláinte

Ar an 29ú Meán Fómhair 2011 chinn Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh nár chomhlón Éire a hoibleagáidí faoin Dlí Eorpach mar gur theip uirthi reachtaíocht árachais an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm ina hiomláine i ndáil le gach gnóthas árachais ar bhonn neamh-idirdheallaitheach. Ciallaíonn an breithiúnas go bhfuil a hoibleagáidí AE á sárú ag Éire trí dhíolúine a choimeád le haghaidh Vhi um Chúram Sláinte ó rialúchán ag Banc Ceannais na hÉireann. Tá an díolúine sin ann ó 1973. Éileoidh an cinneadh ar Vhi um Chúram Sláinte a bheith faoi rialúchán an Bhainc Ceannais in am trátha.

Tosaíocht straitéiseach do Vhi um Chúram Sláinte é stádas rialála a bhaint amach agus rachaidh sé chun leasa ár 1.2 milliún custaiméir agus gach geallsealbhoir eile lena n-áirítear an 15,000 gairmí cúram sláinte atá maoinithe go díreach nó go hindíreach ag ioncam préimhe ár gcustaiméirí. Ceadóidh údarú saoirse tráchtála do Vhi um Chúram Sláinte a raon táirgí a éagsúlú agus dá réir breis

roghanna a thairiscint do chustaiméirí chomh maith le cabhrú le Vhi um Chúram Sláinte deiseanna a uasmhéadú i ndáil le hioncam a thuilleamh ó mhargáí éagsúla. Tá sé sin thar a bheith tábhachtach nuair a áirítear go bhfuil margadh árachais sláinte na hÉireann tar éis crapadh.

Ghlac an Rialtas le hIonstraim Reachtúil le déanaí a shíneann an dáta ina mbeidh ar Vhi um Chúram Sláinte na cúlchistí caipitil riachtanacha a ghnóthú d'fhonn iarratas ar údarú a dhéanamh ar an mBanc Ceannais go dtí 31ú Nollaig 2013 agus tá gá leis an síneadh ama seo de thoradh roinnt tosca go mbeidh tionchar acu ar na hachair ama um sheachadadh an phróisis údaraithe.

Tá dhá phríomh-shraith i gceist leis an bpróiseas údaraithe. Sraith stuamachta atá sa chead cheann, .i. i ndáil le hinbhuanaitheacht agus sócmhainneacht airgeadais, agus sraith cháilíochtúil atá sa dara ceann, i ndáil le saincheisteanna rialachais chorparáidigh. I dtéarmaí na riachtanas cáilíochtúil tá an-dul chun cinn déanta ag Vhi um Chúram Sláinte le sé mhí anuas agus measann sé go mbeidh sé faoi ghéilliúlacht iomlán na riachtanas sin le linn 2012. Níl an tsraith stuamachta chomh héasca sin le réiteach.

D'fhonn iarratas ar údarú a chur chun cinn, beidh ar Vhi um Chúram Sláinte an Banc Ceannais a shásamh go bhfuil cás gnó inbhuanaithe aige sna trí go cúig bliana le teacht. Beidh mionsonraí den chothromú riosca nua daingean atá á mholadh ag teastáil ón mBanc Ceannais d'fhonn a bheith in ann cás gnó Vhi um Chúram Sláinte a mheas. Meastar go mbeidh an scéim nua i bhfeidhm ó 2013 ar aghaidh cé go mbeidh ar an Rialtas, idir an dá linn, na moltaí sin a phlé agus teacht ar chomhaontú ina leith.

Ina theannta sin, beidh instealladh caipitil riachtanach do Vhi um Chúram Sláinte chun ár gcúlchistí a mhéadú go dtí an leibhéal a éilíonn an Banc Ceannais. D'fhéadfadh go mbeadh impleachtaí um Chúnamh Stáit i gceist, agus dá réir bheadh faomhadh ón gCoimisiún Eorpach riachtanach. Creideann an tAontas Eorpach chomh maith go mbaineann Vhi um Chúram Sláinte tairbhe as ráthaíocht neamhtheoranta Stáit agus caithfear aghaidh a thabhairt ar an saincheist seo sular féidir leis an gCoimisiún plé a dhéanamh ar aon saincheist eile um Chúnamh Stáit cosúil le caipitliú nó cothromú riosca. Leis an oiread sin céimeanna idirspéacha le glacadh agus leis an oiread sin geallsealbhoirí rannpháirteach is féidir glacadh leis go dtógfaidh an t-aistear chun an údaraithe agus an chorpraithe níos mó ama ná mar ba mhian le héinne againn ach tá sé tábhachtach ar bhonn straitéiseach do Vhi um

Chúram Sláinte go ndéantar chomh tapaidh agus is féidir é. An chéad phríomhchéim atá i ndán don Rialtas ná a scéim láidir um chothromú riosca a fhoilsiú chomh maith lena bheartas idirlinne don Tobhach agus don scéim Faoisimh Cánach Aois-Choibhneasa ag an bhFoinse a thabharfaidh ann sinn.

Dúshlán mhaoinithe d'Éire agus do Vhi um Chúram Sláinte

Tá dúshlán shuntasacha os comhair na hÉireann sna blianta atá roimpi i dtéarmaí maoiniú um chúram sláinte. Léiríonn figiúirí a foilsíodh le déanaí go leanann daonra na hÉireann ag fás agus ag dul in aois ag ráta níos tapúla ná mar a fhacthas riamh. Tá líon na ndaoine i ngrúpaí breacaosta ag méadú go suntasach agus léiríonn meastacháin go mbeidh dúbailt ar líon na saoránach breacaosta laistigh de thríocha bliain go thart ar milliún duine, leis an sciar is mó méadaithe sa chatagóir 85+. Gach bliain cuirtear 20,000 duine breise leis an líon iomlán daoine atá os cionn 65 bliain d'aois.

Ina theannta sin, measann Vhi um Chúram Sláinte go mbeidh air níos mó cúraim a sheachadadh i réimsí cúraim sláinte criticiúla ar nós ailse, cairdiach, ortaipéideach agus bainistiú riochtaí ainsealacha. Tá fianaise ar an gcaoi a bhfuil tionchar aige seo ar Vhi um Chúram Sláinte cheana féin le feiceáil ónár meán-éileamh in aghaidh an chustaiméara a mhéadaigh faoi 15% ó 2009 (ó €851 go €980), le fás tagtha ar an éileamh ar chúram sláinte ag ár gcustaiméirí ar an toisc is suntasaí i ndáil leis an méadú sin. Cheana féin caitear os cionn 50% de chaiteachas bliantúil Vhi um Chúram Sláinte ag freastal ar riachtanais chúraim sláinte ár gcustaiméirí breacaosta.

Beidh dúshlán mór os comhair na hÉireann i ndáil le freastal ar éilimh chúraim sláinte ár ndaonra ag dul in aois agus tá sé beartaithe ag an Rialtas córas sláinte maoinithe ag Árachas Sláinte Uilechoiteann a chur i bhfeidhm ó 2016. Creideann Bord Vhi um Chúram Sláinte go fóill gur féidir agus gur cheart do Vhi um Chúram Sláinte a bheith ina shócmhainn straitéiseach don Rialtas i ndáil le feidhmiú céimneach an Árachais Sláinte Uilechoiteann agus gur féidir le Vhi um Chúram Sláinte ról tábhachtach straitéiseach a bheith aige maidir le hathshainiú a dhéanamh ar an gcaoi a mhaoinithear agus a sheachadtar cúram sláinte sna blianta romhainn amach chun tairbhe a chustaiméirí uile agus chun tairbhe an Rialtais.

Caithfidh seachadadh chúram sláinte na todhchaí a bheith dírithe ar fheabhas a chur ar thorthaí cúraim sláinte. Ní mór go mbeadh sé dírithe ar chúram a sheachadadh sa suíomh is iomchuí agus gan cúram nach n-éilítear a

sheachadadh. Ba cheart dó a bheith dírithe ar chúram a sholáthar i suímh nach ospidéal iad lena n-áirítear cúram sa phobal, pacáistí cúraim chomhtháite, seirbhísí cúraim choiscitheach agus seirbhísí bainistíochta um ghalair ainsealacha pobalbhunaithe. Táimid tosaithe cheana féin ar roinnt clár agus seirbhísí a chur i bhfeidhm d'fhonn ualach na gcostas cúraim sláinte a laghdú sna blianta romhainn trí sheirbhís ospidéal sa bhaile, agus dhá ionad speisialtóra scagthástála dírithe ar Dhiabéiteas Chineál 11, ar scagthástáil drólainne agus ar mheasúnú riosca cardashoithíoch.

Ómós

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don mhéid a rinne ball dílis na foirne Josefa Ryan Uasal a d'imigh ar shlí na fírinne i rith na bliana. Ba mhaith liom ár gcomhbhrón ó chroí a chur in iúl dá muintir, dá cairde agus dá comhghleacaithe i Vhi um Chúram Sláinte. Suaimhneas síoraí dá hanam dílis.

Buíochas

Ghlac an Bord in aghaidh a chos le héirí as Príomhfheidhmeannach Vhi um Chúram Sláinte, an tUas. Jimmy Tolan. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le Jimmy as ucht a rannchuidiú suntasach do Vhi um Chúram Sláinte áit ina raibh sé i gceannas ar roinnt nuálaíochtaí, go háirithe maidir le straitéisí folláine chuimsitheach a fhorbairt. Ba mhaith liom gach rath a ghuí ar Jimmy don todhchaí agus gabhaim buíochas leis as ucht a rannchuidiú suntasach do Vhi um Chúram Sláinte.

Ba mhaith liom an deis seo a thapa chun fáilte a chur roimh cheapachán Declan Moran go post an Phríomhfheidhmeannaigh Ghníomhaigh. Toisc go bhfuil sé ina Stiúrthóir Boird ó 2008, is luachmhar a bheidh a chuid feasa agus taithí thar raon réimsí sa tréimhse atá le teacht. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil chomh maith le comhaltaí an Bhoird a chomhlánaigh a dtéarmaí oifige le linn 2011. Ba iad sin Gillian Bowler Uasal, Karen Hickey Dwyer Uasal, an tUas. Jimmy Tolan, an tUas. Liam Twohig agus an tUas. Humphrey Murphy.

Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas an Bhoird a ghabháil le fostaithe Vhi um Chúram Sláinte as ucht a gcuid dúthrachta agus tiomantais le linn 2011.



Bernard Collins
Cathaoirleach

One Plan Sport

Seoladh One Plan Sport in 2011 agus is plean cúraim sláinte speisialtóra nua agus nuálach é atá deartha do dhíograiseoirí spóirt.

Mar aon le clúdach árachais sláinte cheannródaíoch – áiríonn One Plan Sport;

- Clár Gortaithe Spóirt i gcomhar le Clinic Máinliachta Spóirt (SSC), an lárionad barrfheabhais i gcóireáil na ngortuithe spóirt agus aclaíochta ortaipéideach lonnaithe i Seantrabh;
- Clár Scagthástála Corpacmhainneachta; agus
- Cóir Leighis lasmuigh de ghnáthuaireanta oifige um Chúram Éigeandála i ndáil le gortuithe spóirt i gClinicí Vhi SwiftCare.



FOIREANN BHAINISTÍOCHTA FEIDHMIÚCHÁIN

01 Declan Moran Príomhfheidhmeannach Gníomhach

Tá Declan Moran ina Phríomhfheidhmeannach Gníomhach de chuid Vhi um Chúram Sláinte i láthair na huaire le teideal an Stiúrthóra um Fhorbairt Mhargaíochta agus Ghnó aige roimhe seo. Tá Declan ina Chomhalta d'Institiúid na nAchtúirí ó 1994 i leith agus tháinig sé go Vhi um Chúram Sláinte i 1997 ón tionscal saoil agus pinsean. Ceapadh ar Bhord Stiúrthóirí Vhi um Chúram Sláinte é in 2008. Go dtí seo tá sé freagrach as bainistiú na punainne táirgí de chuid Vhi um Chúram Sláinte agus forbairt na dtáirgí agus seirbhísí nua. Lena chois sin tá saineolais achtúireach soláthartha aige freisin laistigh den eagraíocht.

02 Dr. Bernadette Carr MD, FRCPI, MPH, LFOM, Diop Deirm. Phrait. Stiúrthóir, Míochaine

Is lia agus eipidéimeolaí í Bernadette Carr le taithí fhairsing chliniciúil agus Taighde aici. Is céimí de Choláiste na hOllscoile, Corcaigh í agus i measc a cuid cáilíochtaí tá Comhaltacht in UCLA, Dochtúireacht Leighis ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ceadúnach de Dhámh um Míochaine Shaothair, Máistreacht i Sláinte Phoiblí agus Dioplóma i nDeirmeolaíocht Phraiticiúil (Cardiff). Toghadh í chun Comhaltachta Choláiste Ríoga na Lianna in Éirinn sa bhliain 1996. Thosaigh Bernadette ag obair le Vhi um Chúram Sláinte i 1994 mar Stiúrthóir Míochaine agus i measc a cuid freagrachtaí áirítear: caidreamh le soláthraithe agus idirbheartaíochtaí conartha; forbairt míochaine agus cúraim sláinte, soláthar seirbhísí míochaine agus folláine. Tá Bernadette i gceannas ar Staidéar an Tionscnaimh um Dhiaibéiteas Mellitus agus Sláinte Chardashoithíoch (DMVhi).

01



02



03



03 John Creedon Stiúrthóir, Éilimh

Tá BSc ag John Creedon i bhFeidhmiúcháin Ríomhaire ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Tá sé freagrach as seirbhís, riarachán agus íocaíocht foriomlán na n-éileamh. Tá iliomad post sinsearach glactha de láimh ag John laistigh de Vhi um Chúram Sláinte sular ceapadh in a Stiúrthóir é.

04 Tony McSweeney Stiúrthóir, Gnó Aonair agus Corparáideach

Tháinig Tony McSweeney, atá ina chomhalta d'Institiúid Mhargáiochta na hÉireann agus ina Chomhalta d'Institiúid Díolachán na hÉireann, go Vhi um Chúram Sláinte ón tionscal saoil agus pinsean sa bhliain 1996. Tá sé freagrach as Seirbhísí Custaiméara, Riarachán Custaiméirí agus Díolachán.

05 Margaret Molony Stiúrthóir, Teicneolaíocht Faisnéise

Tá taithí de níos mó ná 25 bliain ag Margaret Moloney i Vhi um Chúram Sláinte agus tá sí freagrach as Seirbhísí Teicneolaíochta Faisnéise san eagraíocht. Bhí roinnt post sinsearach ag Margaret le Vhi um Chúram Sláinte sular ceapadh ina Stiúrthóir í sa bhliain 2008.

06 Michael Owens Stiúrthóir, Acmhainní Daonna

Tá BA ag Michael Owens i gcaidreamh tionsclaíoch agus is Comhalta Cairte den CIPD é. Thosaigh sé ag obair le Vhi um Chúram Sláinte i mí Lúnasa 1999 agus tá níos mó ná 31 bliain taithí aige i mbainistíocht acmhainní daonna, innealtóireacht solais, páipéar agus prionta, árachas agus miondíol tráchtála.

07 Willie Shannon BBS, FCA: Stiúrthóir, Airgeadas

Is céimí é William Shannon de Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, áit ar ghnóthaigh sé a BBS sa bhliain 1974 agus cáilíodh mar chuntasóir cairte é i 1977. Thosaigh sé ag obair le gnólacht mhór bróicéirí árachais i 1987 agus ceapadh mar Stiúrthóir Airgeadais an Ghrúpa é ina dhiaidh sin. Thosaigh sé ag obair le Vhi um Chúram Sláinte mar Stiúrthóir Airgeadais sa bhliain 2002. Fónann sé ar roinnt coistí in Institiúid na gCuntasóirí Cairte. Is iar-Chathaoirleach ar Choiste Airgeadais Institiúid Árachais na hÉireann é chomh maith agus is Iar-Uachtarán ar Chumann na bhFeidhmeannach Airgeadais é.

04



05



06



07



ATHBHREITHNIÚ NA N-OIBRÍOCHTAÍ

Bliain dhúshlánach ba ea 2011 do Vhi um Chúram Sláinte agus do mhargadh an árachais sláinte phríobháidigh i gcoitinne. I bhfianaise deacrachtaí geilleagracha agus fostaíochta na tíre ní haon ionadh é go bhfuil níos mó brú ná riamh ar chustaiméirí agus iad ag iarraidh a gcuid árachais sláinte phríobháidigh a íoc.

Thuaireascigh an tÚdarás Árachais Sláinte (HIA) gur fhág thart ar 66,000 duine margadh an árachais sláinte phríobháidigh in 2011. Lena chois sin, roghnaigh a lán custaiméirí scéimeanna íosghrádaithe cumhdaigh mar nach raibh d'acmhainn acu íoc as na scéimeanna a bhí acu go dtí seo. In ainneoin na ndeacrachtaí seo, áfach, d'fhan an t-éileamh ar árachas sláinte phríobháidigh seasmhach go maith, agus thuairiscigh VHI um Chúram Sláinte breis agus 1.22 milliún custaiméir a bheith acu mar aon le préimh iomlán de €1.314 billiún a bheith tuillte acu ag deireadh na bliana.

Ghin an gnó farasbarr €7.4 milliún i ndiaidh cánachas, in ainneoin an gnó árachais ospidéil a bheith ag cailleadh airgid go leanúnach. Tá roinnt príomhfachtóirí a bhfuil tionchar acu faoi láthair ar iarrachtaí Vhi um Chúram Sláinte brabús a dhéanamh ar a ghnó árachais sláinte. I measc na bhfachtóirí seo tá éileamh méadaithe ar chúram sláinte (a bhí mar bhonn le meánchostas éilimh custaiméirí a mhéadú 15% ó 2009), próifíl aoise méadaitheach ár gcustaiméirí, ach pointe suntasach is ea an easpa leanúnach ar scéim láidir um chothromú riosca a chiallaíonn go mbeidh an iomaíocht ag díriú ar dhaoine níos óige. Mar atá faoi láthair, tá an dreasacht fós ann do rannpháirtithe an mhargaidh custaiméirí óga, níos sláintiúla agus nach bhfuil chomh costasach a phiocadh, agus dá réir déantar an margadh a dheighilt agus i ndeireadh na dála, bíonn ar chustaiméirí níos sine níos mó a íoc.

Mar a mheabhraigh an Cathaoirleach dúinn ina athbhreithniú, in ainneoin nach bhfuil na leasuithe ar an tobhach agus ar an bhfaoiseamh cánach aois-choibhneasa a fógraíodh ag tús 2012 lánéifeachtach fós i gcostais chúraim shláinte custaiméirí breacaosta a mhaoiniú, baineann buntáiste leo i gcomhthéacs cur chun feidhme scéim cheart um chothromú riosca chun an pobalráit a chosaint agus tacú le custaiméirí breacaosta.

Is iad seo a leanas na Príomhthorthaí Airgeadais don bhliain 2011:

- Thaifead Vhi um Chúram Sláinte farasbarr i ndiaidh cánachais de €7.4 milliún don dhá mhí dhéag chuig 31ú Nollaig 2011 i gcomparáid le heasnamh €3.1 milliún in 2010. Bhí feabhsú suntasach i dtoradh díscríofa na cuideachta a léirigh farasbarr de €32.5 milliún i gcomparáid de heasnamh €19.5 milliún sa 12 mhí roimhe sin. Léiríonn sé seo corrlach 2.5%.
- Bhí an Phréimh Tuillte do 2011 cothrom le €1.314 billiún, laghdú 1.6% i gcomparáid le 2010. Bhí roinnt fachtóirí mar bhonn leis an laghdú seo lena n-áirítear cúngú an mhargaidh árachais sláinte, custaiméirí ag roghnú scéimeanna íosghrádaithe, níos mó iomaíochta sa mhargadh, agus easpa meicníocht lánéifeachtach láidir um chothromú riosca chun costas na gcustaiméirí breacaosta agus níos costasaí ar fud an mhargaidh a roinnt go cothrom.
- B'ionann iomlán na n-éileamh tabhaithe don bhliain 2011 agus €1.234 billiún. Is ionann an figiúr seo agus laghdú 5.6% i gcomparáid leis an mbliain seo caite de bharr éifeachtaí tionscnaimh um shrianadh costais lena n-áirítear laghduithe ar rátaí iníoctha le hospidéil phríobháideacha (6%) agus táillí na gcomhairleach (15%). Ina theannta sin, rinneadh coigilteas suntasach ó tharla níos mó gnáthamh a bheith á seachadadh i suímh cúraim lae ná mar a bhí roimhe seo, ag costas níos ísle. Tá tairbhe bainte ag ár nAonad Speisialta Imscrúdaithe Éileamh as coigilteas freisin, aonad a dhéanann imscrúdú ar chásanna de sholáthraithe cúraim shláinte ag seoladh sonrasc mícheart nó míchuí chuig custaiméirí. Is laghdú suntasach atá ann ó tharla gur méadaíodh costas leapacha in Ospidéal Phoiblí d'othair phríobháideacha – costas atá neamh-inaistrithe – costas a méadaíodh 21% le héifeacht ón 1ú Eanáir 2011.
- Laghdaigh cóimheas na n-éileamh caite leis an ioncam préimhe ó 95.1% in 2010 go dtí 90.8% faoi dheireadh 2011. Is léiriú é an feabhas seo ar éifeacht na laghduithe comhaontaithe i rátaí aisíocaíochta soláthraithe agus impleacht dhearfach na rialuithe measúnachta níos déine ar éilimh. Ciallaíonn sé seo gur íocamar thart ar €91 i ngach €100 a fuarthas ag freastal ar riachtanais chúraim sláinte ár gcustaiméirí.
- Lean na costais oibriúcháin ag laghdú, costais atá cothrom le €88.4 milliún, ach atá fós 10% níos ísle ná mar a bhí siad trí bliana ó shin. Tá cóimheas costais oibriúcháin Vhi um Chúram Sláinte, a chuirtear in iúl mar chéatadán den ioncam préimhe, cothrom le 6.3% dá ghnó árachais sláinte, céatadán atá i bhfad níos ísle ná céatadán a iomaitheoirí.
- Ag deireadh mhí na Nollag 2011 bhí cóimheas na gcúlchistí saora leis an ioncam préimhe cothrom le 22.3% – laghdú leath faoin gcéad i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Mar sin féin, ag €295 milliún tá ár gcúlchiste saor sách maith níos airde ná aon árachóir sláinte eile.

ATHBHREITHNIÚ NA N-OIBRÍOCHTAÍ (AR LEAN)

- Bhí toradh diúltach de €23.5 milliún ón ioncam infheistíochta i rith na bliana i gcomparáid le gnóthachain de €22.5 milliún an bhliain roimhe sin. Ba é ba chúis leis seo ná caillteanas a tabhaíodh ar fhofhiach bainc.

Ag Ullmhú don Timpeallacht Rialála

Mar a léirigh an Cathaoirleach ina athbhreithniú siúd, is tosaíocht straitéiseach é go bhfaighidh Vhi um Chúram Sláinte rialáil airgeadais. Chun go dtarlódh sé seo tá dhá phríomhghné leis an bpróiseas údaraithe. Baineann an chéad ghné le sócmhainneacht, gné a éileoidh athruithe ar an timpeallacht rialála d'fhonn a chinntiú gur féidir le Vhi um Chúram Sláinte inbhuanaitheacht airgeadais a bhaint amach mar aon le hinfeistíocht chaipitil d'fhonn a chinntiú go mbeidh cúlchistí caipitil Vhi um Chúram Sláinte cothrom leis an leibhéal a theastaíonn chun riachtanais an Bhainc Ceannais a chomhlíonadh. Baineann an dara gné le riachtanais um rialachas corparáideach.

Le linn don Rialtas a bheith ag cur bailchríche ar a chuid phleananna do thimpeallacht rialála na todhchaí agus don riachtanas caipitlithe, tá an-dul chun cinn déanta ag Vhi um Chúram Sláinte i ndáil le roinnt ceisteanna struchtúrtha agus corparáideacha rialachais a éilíonn an Banc Ceannais. Maidir le cúrsaí oibriúcháin de, táim sásta a thuairisciú roimh údarú a bheith faighte, go bhfuil na struchtúir riachtanacha um rialachas corparáideach curtha i bhfeidhm agus go bhfuil próiseas foirmiúil cáilíochta déanta nó beagnach déanta ag fostaithe seirbhísí custaiméirí Vhi um Chúram Sláinte, d'fhonn rialacháin na n-íosriachtanas inniúlachta d'árachóirí lánrialaithe a chomhlíonadh. Is é an Dioplóma QFA agus an Dioplóma CIP na príomhcháilíochtaí a aithnítear chun críocha na Riachtanas agus is ionann iad agus caighdeán gairmiúil an tionscail.

Tionscnaimh um Shrianadh Costais

Mar a luadh in athbhreithniú an Chathaoirligh, ó 2007 anall dhírigh Vhi um Chúram Sláinte ar chostais a laghdú beagán, agus déantar gach iarracht teacht ar bhealaí an costas a bhaineann le rochtain a sholáthar ar an gcóireáil is nua-aimseartha atá ar fáil a laghdú.

De thoradh dian-idirbheartaíochtaí le soláthraithe cúraim shláinte, mar aon le béim shuntasach ar chostais riaracháin a laghdú agus éifeachtúlachtaí feabhsaithe a bhunú ar fud an ghnó, tá coigilteas de bhreis agus €190 milliún déanta againn ó 2009. Táimid ag leanúint orainn ag feidhmiú mar an t-árachóir sláinte is éifeachtaí sa mhargadh agus tá ár gcostais riaracháin anois cothrom le 6.3% den ioncam préimhe ónár ngnó árachais sláinte.

I measc na bpríomhchoigiltí costais a ndearnadh go dtí seo áirítear:

- Ospidéal phríobháideacha: rinneadh coigilteas de thart ar €95 milliún mar gheall ar idirbheartaíocht le hospidéal phríobháideacha le dhá bhliain anuas, idirbheartaíocht a raibh laghdú 6% mar thoradh uirthi. Laghdófar praghsanna gnáthamh faoi leith in 2012 freisin agus é mar aidhm coigilteas de €10 milliún breise a dhéanamh i mbliana.
- Táillí na gcomhairleach: Tá na táillí iníoctha le comhairligh laghdaithe 15% ó 2008 agus coigilteas de bheagnach €60 milliún déanta ag Vhi um Chúram Sláinte sa réimse seo ó 2009.
- Costais inmheánacha: Tá a chostais inmheánacha laghdaithe 10% ag Vhi um Chúram Sláinte ó 2009 in ainneoin méadú suntasach inár ngníomhaíocht gnó agus dhá áis scagthástála a fhorbairt, áiseanna atá dírithe ar Dhiaibíteas Chineál II agus Riosca Cardashoithíoch.
- Suímh chóireála níos costéifeachtaí: Ó 2001, tá méadú 240% tugtha faoi deara i líon na ngnáthamh atá ainmnithe mar ghnáthaimh chúraim lae agus tá méadú 121% tugtha faoi deara sa líon ainmnithe mar ghnáthaimh thaobhsheomra. Is ionann gnáthaimh a dhéantar mar chuid de chúram lae agus i dtaobhsheomraí agus 70% d'éilimh ospidéal anois i gcomparáid le 51% in 2007. Sa tréimhse chéanna, tháinig laghdú 10% ar éilimh ó othair chónaitheacha. Lena chois sin, cuireadh cóireáil ar thart ar 867 duine faoi thionscnamh HomeCare i rith 2011. Tá 12,500 lá leapa ospidéal sábháilte ag Vhi um Chúram Sláinte ó bunaíodh an tseirbhís in 2010, coigilteas arb ionann é agus sa bhreis ar €12 milliún.
- Rialuithe measúnachta éileamh níos déine: I rith 2011, d'aisghabháil ár nAonad Speisialta Imscrúdaithe Éileamh (SIU) €6.9 milliún i gcásanna a bhain le sonraisc mhíchearta nó mhíchúí a sheoladh chuig custaiméirí. Ba ionann an toradh seo agus méadú 76% sa bhreis ar an tsuim iomlán faighte an bhliain roimhe sin. Chomh maith leis sin, leathnaigh an SIU scóip a imscrúduithe d'fhonn feiliúnacht na n-éileamh fanacht fhada ospidéal in 2011 a chur san áireamh. Cúis aiféala dúinn a thuairisciú go raibh méadú le sonrú ar líon na n-éileamh míchúí ó chustaiméirí atá ag éileamh cúraim phríomhúil den chuid is mó, agus dá thoradh sin cuireadh 31 teagmháil custaiméirí ar ceal i rith na bliana, agus tá 23 cás breise fós á athbhreithniú.

In ainneoin coigilteas suntasach a bheith déanta ar na táillí a íocadh le hospidéal phríobháideacha agus le comhairligh ó 2009, ba chóir a thabhairt faoi deara gur lean an costas in aghaidh an leaba phríobháideach in ospidéal poiblí ag méadú, 41% ar an meán, sa tréimhse chéanna. Is í an Roinn Sláinte a shocraíonn na rátaí a ghearrann ospidéal poiblí, níl siad faoi réir idirbheartaíochta, agus dá réir is deacair do Vhi um Chúram Sláinte éifeachtúlacht costais a thabhairt isteach sa réimse seo.

Ag Maoiniú Riachtanais Chúraim Sláinte ár gcustaiméirí in 2011

I gcaitheamh na bliana 2011, chaith Vhi um Chúram Sláinte níos mó ná €1.23 billiún ag maoiniú riachtanais chúraim sláinte ár gcustaiméirí. Le blianta beaga anuas, tá go leor infheistíochta déanta againn in athdhearadh ár bpróisis agus ár gcórais mheasúnachta éileamh d'fhonn a chinntiú gur féidir linn déileáil le líon mór éileamh ónár gcustaiméirí. Ar an meán, próiseálann Vhi um Chúram Sláinte sa bhreis ar 700,000 éileamh ó othair chónaitheacha in aghaidh na bliana agus suas le 250,000 éileamh cúraim phríomhúil.

Bhain ár gcaiteachas cúraim sláinte is suntasaí i gcaitheamh na bliana le cóireáil na riochtaí seo a leanas:

- Ailse & cúram gaolmhar - €226.5 milliún
- An croí & an córas imshruthaithe - €146.4 milliún
- Cúram Ortaipéideach (lena n-áirítear athchur cromáin s.r.l.) - €115.9 milliún
- An córas díleáite - €117.3 milliún
- Iniúchadh siomptóm nó riochtaí neamhshainithe - €106.2 milliún

Ailse agus cúram gaolmhar in 2011

Aris eile bhí cúram ailse ar cheann de na réimsí caiteachais is mó ag Vhi um Chúram Sláinte anuraidh. Na trí cineálacha ailse a thabhaíonn an méid is mó caiteachais ná ailse chíché, ailse cholaireicteach agus ailse phróstataigh, a sheasann le haghaidh thart ar 43% dár gcaiteachas iomlán ar ailse.

- Caiteachas um ailse chíché in 2011 - €41.6 milliún thar ceann 2,622 custaiméir
- Caiteachas um ailse cholaireicteach in 2011 - €35.2 milliún thar ceann 1,960 custaiméir
- Caiteachas um ailse phróstataigh in 2011 - €20.4 milliún thar ceann 2,622 custaiméir

Cúram ortaipéideach in 2011

Bhí cúram ortaipéideach ar an dara réimse caiteachais is mó agus i gcaitheamh na bliana atá faoi athbhreithniú d'íoc

Vhi um Chúram Sláinte na méideanna seo a leanas:

- Athchuir Chromáin in 2011 - €34.64 milliún thar ceann 2,771 custaiméir
- Athchuir Ghlúine in 2011 - €28.13 milliún thar ceann 1,800 custaiméir

Cúram don chroí agus cúram imshruthaithe in 2011

Bíonn caiteachas suntasach i gceist freisin i ndáil leis an gcóir leighis is fearr um chúram cairdiach a chur ar chustaiméirí. I rith 2011 caitheadh os cionn €146 milliún i réimse an chúraim chairdiach, lena n-áirítear na gnáthaimh sábhála saoil seo a leanas:

- Angagrafaíocht - €27.7 milliún thar ceann 8,153 custaiméirí
- Angaplaiste - €20.6 milliún thar ceann 2,025 custaiméir
- Seach-chonair cairdiach - €11.6 milliún thar ceann 379 custaiméir
- Séadairí lena n-áirítear dífhibrileoirí - €6.9 milliún thar ceann 233 custaiméir

Nuálaíocht Leighis agus an Cúram Leighis is fearr a Sheachadadh sa suíomh is Oiriúnaí

Mar phríomhcheannaitheoir cúraim shláinte thar ceann a chustaiméirí, déanann Vhi um Chúram Sláinte iarracht leanúnach dea-chleachtas a spreagadh trína chinntiú go bhfuil rochtain ag custaiméirí ar chúram sláinte ar ardchaighdeán sa suíomh is oiriúnaí dá riachtanais.

Tá nuálaíocht leanúnach leighis anois mar bhonn le torthaí sláinte níos dearfaí do dhaoine breoite ar fud an domhain. Tá tionchar drugaí nua, teicneolaíochtaí nua agus gnáthamh nua leighis ríshoiléir i réimsí dála cúram ailse agus cardashoithíoch, ó tharla go bhfuil rátaí marthanachta na n-othar méadaithe go suntasach le cúig bliana anuas. I measc na nithe a chuireann leis na costais a bhaineann le seirbhísí nua-aimseartha um chúram sláinte a sholáthar tá daonra atá ag dul in aois le tinneas ainsealach ag maireachtáil níos faide, infhaighteacht drugaí nua costasacha, gnáthaimh nua agus teicneolaíochtaí spéisiúla nua.

Ar fud an domhain, is léir go mbeidh dúshlán maoinithe shuntasacha le sárú ag cuideachtaí agus ag soláthraithe árachais sláinte agus ní heisceacht ar bith Vhi um Chúram Sláinte sa chomhthéacs seo, de bhrí gurb é an dúshlán atá le sárú againne cúram sláinte ar ardchaighdeán a sheachadadh dár gcustaiméirí ag praghas inacmhainne. I bhfianaise an méid sin, tá gá le hathrú agus is léir do Vhi um Chúram Sláinte nach mór seachadadh an chúraim shláinte a athrú agus cheana féin tá céatadán réasúnta d'ioncam préimhe ár gcustaiméirí curtha i dtreo an

ATHBHREITHNIÚ NA N-OIBRÍOCHTAÍ (AR LEAN)

chúraim phobail againn, mar aon le seirbhísí cosanta agus seirbhísí bainistíochta galar ainsealach. Le trí bliana anuas, tá raon seirbhísí forbartha againn a sheachadann seirbhísí cúraim shláinte dár gcustaiméirí lasmuigh de shuíomh traidisiúnta an ospidéal. Cuirtear cóireáil ar sa bhreis ar 70,000 custaiméir gach bliain ar bhonn siúl isteach, mionghortuithe agus miontinnis laistigh d'uair an chloig, i dtrí Chlinic Vhi SwiftCare. In 2010, chuireamar tús le clár ospidéal sa bhaile agus é mar aidhm againn an líon custaiméirí atá ag triall ar ospidéal a laghdú, agus ba é toradh an chlár seo ná gur cuireadh cóireáil ar 1,200 custaiméir sa bhaile anuraidh, custaiméirí a raibh teiripí infhéitheacha antaibheathacha ag teastáil uathu. Chomh maith leis sin, tá dhá chlinic scagthástála míochaine forbartha againn ag díriú ar dtús ar riosca cardashoithíoch agus ar Dhiaibéiteas um chineál II atá ina eipidéim dhomhanda anois. Ag deireadh 2011, bhí scagthástáil déanta againn ar 24,000 custaiméir Vhi um Chúram Sláinte don ghalar díblithe seo, agus tá breis agus 2,500 acu seo diagnóisithe le diaibéiteas nó réamhdhiaibéiteas. Roghnaíodh ár gclár scagthástála le páirt a ghlacadh i gclár taighde AE mór le rá, clár faoin mbealach is fearr le hothair a bhfuil Diaibéiteas um Chineál II acu a scagthástáil agus a chóireáil. Táimid anois i mbun clár idirghabhála stíl mhaireachtála pobalbhunaithe a fhorbairt agus é mar aidhm againn an líon othar a mbeidh diaibéiteas ag dul dóibh a laghdú as measc na ndaoine sin a meastar a bheith i mbaol trí thairbhe a bhaint as ár gclár leanúnach scagthástála. Déanfar scagthástáil an athuair ar suas le 5,000 custaiméir d'fhonn stádas a riosca ón uair a rinneadh an mheasúnacht tosaigh orthu a mheas.

In 2012, cuirfimid tús le clár scagthástála stíl mhaireachtála agus folláine do leanaí, de bhrí go bhfuil fianaise shoiléir ann go bhfuil an leibhéal murtaill agus diaibéiteas um chineál II i measc leanaí ag méadú. Is ar éigean go mbeadh a leithéid seo i gceist fiú 20 bliain ó shin, ach tá sé sách coitianta anois mar gheall ar ár n-aiste bia mhíshláintiúil agus stíl mhaireachtála neamhghníomhach.

Chomh maith leis sin, táimid i mbun clinic pobail a fhorbairt do leanaí d'fhonn a chinntiú go mbeidh sainchúram pédiatraiceach ar fáil dár gcustaiméirí óga i suíomh poiblí. Tá an fhorbairt seo á déanamh againn i gcomhar le soláthróir ceannródaíoch seirbhísí pédiatraiceacha sna Stáit Aontaithe, forbairt a chabhróidh linn an brú atá ar ár n-ospidéal leanaí a laghdú agus ag an am céanna rochtain ar sheirbhísí cúraim shláinte do leanaí a fheabhsú.

Nuálaíocht Táirgí

Is ceannródaí é Vhi um Chúram Sláinte i gcomhthéacs an raon is leithne táirgí árachais sláinte sa mhargadh a sholáthar, agus leanadh leis an bhforbairt in 2011 tráth ar tairgeadh nuálaíocht agus táirgí luach ar airgead do thomhaltóirí ar fud na hÉireann.

Leanadh leis an tóir atá ar tháirgí 'One Plan' de chuid Vhi um Chúram Sláinte i rith na bliana trí roinnt tairiscintí speisialta luach ar airgead mar aon le táirge nua a fhorbairt go speisialta do dhíograiseoirí spóirt.

Seoladh One Plan Sport i rith an tsamhraidh agus san áireamh ann tá cumhdach árachais uathúil do dhíograiseoirí spóirt lena n-áirítear: Cláir Ghortuithe Spóirt i gcomhar leis an gClinic Máinliachta Spóirt i Seantrabh; Clár Corpacmhainne agus; Cúram Éigeandála do Ghortuithe Spóirt lasmuigh d'uaireanta oibre i gClinic Vhi SwiftCare.

Le cois an chumhdaigh spóirt seo, áirítear mar chuid de One Plan Sport sárleibhéal de chumhdach árachais sláinte phríobháidigh thraidisiúnta, cumhdach chomh maith agus a bhíonn ag custaiméirí táirgí One Plan eile.

Is léir go bhfuil an-rath ar ár dtáirgí One Plan de bhrí gur chinn breis is 180,000 duine One Plan a roghnú agus iad sásta gur féidir leo tairbhe a bhaint as raon fairsing tairbhí éagsúla mar aon le lántairbhe a bhaint as coigilteas suntasach. Is é Plean One+ de chuid Vhi um Chúram Sláinte an plean is mó fás agus is mó tóir anois, agus is é seo an plean atá ag 11% dár gcustaiméirí ar fad.

Gnó Éagsúlaithe

Tá raon leathan táirgí agus seirbhísí curtha ag Vhi um Chúram Sláinte lena phunann ghnó éagsúlaithe. Ina measc seo áirítear:

MultiTrip ó Vhi um Chúram Sláinte

Naoi mbliana ó shin a sheol Vhi um Chúram Sláinte an t-árachas taistil MultiTrip agus taobh istigh de thréimhse ghairid is é MultiTrip an táirge árachais taistil is mó tóir in Éirinn, le thart ar thrian den mhargadh árachais taistil. In 2011, theastaigh cóireáil leighis éigeandála ó thart ar 5,523 custaiméir Vhi um Chúram Sláinte le linn dóibh a bheith thar lear agus rinneadh 1,444 éileamh ar sheirbhísí ospidéal thar lear. Lena chois sin, bhí sé riachtanach 400 duine a thabhairt abhaile go hÉirinn.

Global ó Vhi um Chúram Sláinte

Cumhdach árachais easaoránaigh do dhaoine a bhogann thar lear chun maireachtála, oibre, staidéir nó

taistil ar feadh breis is sé mhí – ba é Global rogha táirge árachais go leor custaiméirí a thaistil thar lear anuraidh.

Vhi DeCare Dental

An chéad agus an t-aon táirge árachais fiacloireachta neamhspleách in Éirinn. Ní chosnaíonn an pacáiste bunúsach seo, Vhi DeCare Dental Starter ach €10.76 sa mhí, pacáiste a thairgeann cumhdach bunúsach fiacloireachta agus ní bhíonn tréimhse feithimh ar bith i gceist. In 2011, d'íoc Vhi DeCare Dental beagnach €4 mhilliún ar chóireáil fiacloireachta agus íocadh 95% de na híocaíochtaí go díreach i gcuntais bhainc na gcustaiméirí laistigh de dheich lá oibre.

Réitigh Chorporáideacha Vhi

Is éard atá i gceist le Réitigh Chorporáideacha Vhi ná foireann speisialtóra ag tairiscint ardchaighdeán seirbhísí ar raon ábhar bainteach le sláinte agus folláine fhostaithe, á dtairiscint do chliaint chorporáideacha go thar réimse fairsing tionscal. I measc na seirbhísí a cuireadh ar fáil bhí seirbhísí comhairleoireachta, rochtain ar eolas dlíthiúil agus airgeadais agus a lán seirbhísí cúnamh eile d'fhostaithe le cabhrú leo déileáil le fadhbanna lena n-áirítear deacrachtaí le sláinte mhothúchánach, strus, deacrachtaí airgeadais, dlíthiúla agus pósta. Tá an tseirbhís seo faoi rún agus á soláthar ag gairmithe sláinte lánoilte agus láncháilithe.

Soláthraíonn foireann Réitigh Chorporáideacha Vhi clár cúnamh d'fhostaithe i mbreis agus 450 cuideachta ar fud na tíre. Tá méadú 110% tagtha ar an líon fostaithe atá ag léiriú go bhfuil sláinte mhothúchánach agus deacrachtaí sa láthair oibre ag déanamh imní dóibh. Trí theagmháil a dhéanamh le Réitigh Chorporáideacha Vhi, bhí fostaithe in ann rochtain a fháil ar chúnamh chun na ceistanna seo a réiteach ar bhealach a bhí oiriúnach dá riachtanas féin, agus ar bhonn rúnda.

Urraíochtaí

Don séú bliain as a chéile, chomhoibrigh Vhi um Chúram Sláinte agus Cumann Lúthchleas Gael (CLG) le chéile in 2011 chun Campaí Cúl CLG Vhi, campaí a raibh an-tóir orthu, a reáchtáil agus ar ghlac breis is 80,000 páiste páirt iontu agus é mar aidhm acu a scileanna CLG a fhorbairt, a bheith aclaí agus píosra spraoi a bheith acu i mbreis agus 1,000 campa a reáchtáladh ar fud na hÉireann agus thar lear i SAM, sa Bhreatain agus san Astráil.

Don tríú bliain as a chéile, ba é Vhi um Chúram Sláinte an t-urraitheoir oifigiúil do Mhí Feasachta Ailse Chíche Chumann Ailse na hÉireann a reáchtáladh i rith mhí Dheireadh Fómhair

2011. Ba í an mainicín cáiliúil Andrea Roche, a sheol feachtas Send A Ribbon de chuid Vhi um Chúram Sláinte. Ba é aidhm na hurraíochta cur leis an tuiscint atá ag daoine ar ailse chíche. Mar chuid den fheachtas seo seoladh níos mó ná 90,000 ribín fíorúil ar líne, rud a chabhraigh linn €75,000 a chur ar fáil le tacú le taighde agus le cláir bhreise atá á reáchtáil ag Cumann Ailse na hÉireann.

Acmhainní Daonna

Tá cáil le fada an lá ar Vhi um Chúram Sláinte as seirbhís ar ardchaighdeán a sholáthar do chustaiméirí, bunaithe ar thiomantas an lucht bainistíochta agus na foirne an tseirbhís is fearr agus is féidir a sholáthar dá gcustaiméirí. Creidimid gurb iad ár gcustaiméirí ár bpáirtí leasmhar is tábhachtaí agus gur sócmhainn thábhachtach straitéiseach i margadh casta agus iomaíoch é saineolas agus tiomantas ár bhfoirne. Tá infheistíocht déanta ag an eagraíocht in oiliúint agus i bhforbairt leanúnach 899 fostaí ar fud na tíre. Creidimid go mbaineann fiorthábhacht le fostaithe oile agus spreagtha d'fhonn custaiméirí a mhealladh agus a choinneáil, gné a bheidh fiorthábhachtach i gcomhthéacs an ratha a bheith ar ár ngnó sna blianta amach romhainn. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach fostaí as an obair iontach atá curtha i gcrích in 2011 agus as an tiomantas leanúnach atá léirithe dár gcustaiméirí.

Forbhreathnú

Táimid ag súil le bliain dhúshlánach eile in 2012 ó tharla brú airgid a bheith ar ár gcustaiméirí ag am a meastar an t-éileamh ar chúram sláinte a bheith ag méadú. Tá Vhi um Chúram Sláinte lántiomanta d'údarú a fháil ón Rialtóir Airgeadais faoi dheireadh na bliana 2013. Chomh maith leis sin, táimid tiomanta leanúint lenár n-iarachtaí costais a laghdú tuilleadh agus éifeachtúlachtaí breise a fhorbairt ar fud an ghnó ar fad agus fáiltímid roimh ionchur cuiditheach ó Milliman agus ón Roinn Sláinte le linn dúinn a bheith ag iarraidh freastal ar an mbealach is fearr is féidir ar riachtanais chúraim shláinte ár gcustaiméirí a mhaoiniú.

Mar fhocal scoir, leanfaimid orainn ag seachadadh cúraim shláinte ar ardchaighdeán dár gcustaiméirí ag na praghsanna is fearr agus is féidir, agus ag an am céanna coinneoidimid súil ar ár dtionscnaimh fholláine eile, dála seirbhísí scagthástála, a chabhróidh linn torthaí sláinte níos fearr a sholáthar dár gcustaiméirí.



Declan Moran

Príomhfheidhmeannach Gníomhach



NurseLine 24/7

Is seirbhís tacaíochta ghutháin iomlán rúnda í NurseLine 24/7 le soláthar foirne d'altraí oilte a sholáthraíonn faisnéis ar réimse leathan fiosrúcháin agus riochtaí sláinte. Tá sí ar fáil go heisiatach do chustaiméirí de chuid Vhi um Chúram Sláinte.

- Déileáladh le 52,000 glao in 2011
- Bhí 21,000 glao bunaithe i mBaile Átha Cliath
- Bhain 9,000 glao le gnáth-fhiosrúcháin sláinte cosúil le deilgneach, imoibrithe drugaí, faisnéis nimhe agus fiosrúcháin i ndáil le grúpaí tacaíochta
- Mar chuid de phríomhábhair imní míochaine i leith leanaí bhí fiosrúcháin i ndáil le tochtaí arda, grís, urlacan agus casachtaí
- Fuair seirbhísí tacaíochta toirchis de chuid Vhi NurseLine 2,000 glao
- D'fhreagair lucht chabhrach Vhi NurseLine 1,000 fiosrúcháin rphoist



TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ

Tá an-áthas ar na Stiúrthóirí an 55ú Tuarascáil Bhliantúil dá gcuid a chur faoi bhráid de réir Alt 20 (1) den Acht Árachais Sláinte Shaorálaigh 1957. Tá Cuntais an Bhoird agus na nótaí gaolmhara atá mar chuid de na Cuntais san áireamh sa tuarascáil seo, agus iad ullmhaithe de réir na gcaighdeán cuntasaoíochta a nglactar i gcoitinne leo in Éirinn agus cloíonn siad le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Gnóthais Árachais: Cuntais), 1996.

1. Príomhghníomhaíochtaí

Is corparáid reachtúil é an Bord Árachais Sláinte Shaorálaigh arna bhunú ag an Acht Árachais Sláinte Shaorálaigh 1957 agus tá sé mar chuspóir aige córas airgeadais a sholáthar don chúram sláinte príobháideach, á chur i bhfeidhm ar bhonn cúnaimh frithpháirtigh.

2. Torthaí

Tá na torthaí don 12 mhí go dtí 31 Nollaig 2011 leagtha amach sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

3. Athbhreithniú Gnó agus Forbairtí na Todhchaí

Tá athbhreithniú ar ghnó a rinneadh i rith na bliana, chomh maith le tuairimí an Bhoird ar fhorbairtí dóchúla amach anseo le fáil i Ráiteas an Chathaoirligh.

4. Freagrachtaí na Stiúrthóirí

Tá dualgas ar na Stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú le haghaidh gach tréimhse airgeadais, a thugann léargas fíor agus cothrom ar staid ghnóthaí an Bhoird agus ar fharasbarr nó ar easnamh an Bhoird don tréimhse sin.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, éilítear ar na Stiúrthóirí:

- beartais chuntasaoíochta oiriúnacha a roghnú agus ansin iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú bunaithe ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin má tá sé mí-oiriúnach glacadh leis go leanfaidh an Bord ar aghaidh ag feidhmiú.

Tá na Stiúrthóirí freagrach as leabhair chuntais chuí a choimeád, a nochtann le beachtas réasúnta, tráth ar bith, staid airgeadais na heagraíochta agus a chuireann ar a gcumas a chinntiú go bhfuil na ráitis airgeadais ullmhaithe de réir na gcaighdeán cuntasaoíochta a nglactar i gcoitinne leo in Éirinn agus go gcloíonn siad le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Gnóthais Árachais: Cuntais) 1996. Tá siad freagrach chomh maith as sócmhainní na heagraíochta a chosaint agus mar sin, céimeanna réasúnta a thógáil chun calaois agus mírialtachtaí eile a aithint agus a chosc.

5. Rialachas Corparáideach

Tacaíonn na Stiúrthóirí le prionsabail an Rialachais Chorporáidigh atá leagtha amach sa Chód Rialachais Chorporáidigh. Leasaigh an Chomhairle Tuairiscithe Airgeadais an Cód i mí Bealtaine 2010. In ainneoin nach cuideachta liostaithe é ann féin, tá iarracht déanta ag an mBord cloí le forálacha an Chóid atá infheidhme agus dá réir sin tuairiscítear anseo thíos ar ghéilliúlacht don Chód i gcaitheamh na bliana.

Síleann na Stiúrthóirí go bhfuil na gnáthaimh i bhfeidhm ag an mBord chun cloí leis na forálacha leagtha amach in Alt 1 den Chód, ach amháin gcás ceapachán agus téarmaí oifige na Stiúrthóirí, atá mar fhreagracht an Aire Sláinte. Chuige seo, níl Coiste Ainmniúcháin nó Stiúrthóir Sinsearach Neamhspleách ag an mBord.

Bord Stiúrthóirí

Tá ról an Chathaoirligh agus an Phríomhfheidhmeannaigh ar leithligh óna chéile.
All non-executive Directors are appointed by the Minister for Health.

Tagann an Bord le chéile ar a laghad naoi n-uaire i gcaitheamh na bliana agus tá sceideal foirmiúil ábhar atá curtha in áirithe go sainiúil don Bhord le haghaidh cinnidh lena n-áirítear faomhadh an phlean straitéisigh trí chéile, buiséid bhliantúla, tuarascáil bhliantúil agus cuntais agus gníomhaíochtaí corparáideacha ollmhóra. Seoltar páipéir an Bhoird chuig gach comhalta in am tráthúil roimh chruinnithe. Tá oiliúint agus treoir oiriúnach ar fáil do na Stiúrthóirí uile nuair a ceaptar chuig an mBord iad, le tuilleadh oiliúna ar fáil ina dhiaidh sin, de réir mar is gá. Tá nósanna imeachta dréachtaithe ag an mBord do Stiúrthóirí chomh maith chun glacadh le comhairle ghairmiúil neamhspleách. Tá rochtain ag na Stiúrthóirí uile ar chomhairle agus ar sheirbhísí an Rúnaí. Tá clúdach árachais dliteanais Stiúrthóra i bhfeidhm ag an mBord. Tá próiseas curtha i bhfeidhm ag an mBord chun measúnú a dhéanamh ar a chuid feidhmíochta.

Freastal ar Chruinnithe Boird a tionóladh i rith na bliana airgeadais

	Bord	Iníúchadh	Luach Saothair	Bainistíocht Riosca & Géilliúlacht	Infheistíocht	Straitéis
Bernard Collins	9		6			2
Gillian Bowler (d'imigh ar scor 26 Iúil 2011)	2		1			
Humphrey Murphy (d'imigh ar scor 26 Iúil 2011)	5		3			
Liam Twohig (d'imigh ar scor 26 Iúil 2011)	5	2			2	
Christy Cooney	7	0			0	
Karen Hickey-Dwyer (d'imigh ar scor 26 Iúil 2011)	5	1				
Jimmy Tolan (d'imigh ar scor 28 Deireadh Fómhair 2011)	7			4	1	2
Declan Moran	9			6		2
Celine Fitzgerald	9	4	6			2
Seamus Creedon ***	9			6		2
Liam Downey*	9		6			
Cathriona Hallahan **	7	4		4		1

* Cathaoirleach an Choiste Luach Saothair

** Cathaoirleach an Choiste Iníúcháireachta

*** Cathaoirleach an Choiste um Bainistíocht Riosca & Géilliúlachta

Déanann an Bord athbhreithniú ar na socrúithe atá i bhfeidhm a cheadaíonn d'fhostaithe aon ábhair is cúram dóibh maidir le héagóracha féideartha i dtuairisciú airgeadais nó i gcúrsaí eile a ardú. Más gá, cinnteoidh sé go ndéanfar imscrúdú cuí agus go leanfaidh an ghníomhaíocht leantaigh uaidh sin.

TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ (AR LEAN)

Coiste Iniúcháireachta

Tá Coiste Iniúcháireachta ceaptha ag an mBord ar a bhfuil triúr Stiúrthóirí Neamhfheidhmiúcháin. Tagann an Coiste Iniúcháireachta le chéile ceithre huaire in aghaidh na bliana ar a laghad agus déantar athbhreithniú ar na cuntais bhliantúla, rialú inmheánach agus cúrsaí comhlíonta agus éifeachtacht an iniúchta inmheánaigh agus seachtraigh. Déanann Coiste Iniúcháireachta moltaí chuig an mBord maidir le ceapadh na n-iniúcháirí seachtracha agus déantar measúnú ar a gcuid oibiachtúlachta agus neamhspleáchais. Déantar athbhreithniú freisin ar an bplean agus ar na torthaí iniúcháireachta seachtrach ón iniúchadh ar na ráitis airgeadais. Tá príomh-róil agus freagrachtaí an Choiste Iniúcháireachta leagtha amach i dtéarmaí tagartha scríofa agus tá siad ar fáil ar iarratas.

Tá próiseas i bhfeidhm ag an gCoiste Iniúcháireachta chun a chinntiú nach ndéantar comhghéilleadh ar neamhspleáchas an iniúchta, lena n-áirítear monatóireacht a dhéanamh ar nádúr agus réim na seirbhísí curtha ar fáil ag iniúcháirí seachtracha trína athbhreithniú bliantúil ar tháillí a íoctar le hiniúcháirí seachtracha ar sheirbhísí iniúcháireachta agus neamh-iniúcháireachta.

Coiste Riosca agus Géilliúlachta

Tá Coiste Riosca agus Géilliúlachta ceaptha ag an mBord. Cuimsíonn an Coiste ar a laghad beirt Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin leis an bpríomhchuspóir de chur chun cinn a dhéanamh ar éifeachtúlacht foriomlán an rialachais chorporáidigh agus athbhreithniú agus monatóireacht a dhéanamh ar an gcóras bainistíochta riosca.

Coiste Luach Saothair

Tá Coiste Luach Saothair ceaptha ag an mBord chomh maith a chuimsíonn an Cathaoirleach agus triúr Stiúrthóirí Neamhfheidhmiúcháin. Tá an coiste freagrach as iarrthóirí a mholadh do cheapacháin bhainistíochta sinsearaí agus beartais luach saothair.

Rialú Inmheánach

Tá éifeacht tugtha ag an mBord do mholtaí an Rialaithe Inmheánaigh: Treoir do Stiúrthóirí ar an gCód Rialachais Chorporáidigh (an Comhchód roimhe seo).

Tá na Stiúrthóirí freagrach as córas rialaithe inmheánaigh an Bhoird agus as athbhreithniú a dhéanamh ar a chuid éifeachtachta agus comhlíonann siad an fhreagracht seo trí chruinnithe rialta an Choiste Iniúcháireachta. Tá freagracht i leith cur i bhfeidhm an chórais seo sannta acu don Bhainistíocht Feidhmiúcháin.

Tugann an córas rialaithe inmheánaigh dearbhú réasúnta, ach ní dearbhú iomlán, go gcosnófar sócmhainní in aghaidh úsáide nó rialaithe neamhúdraithe agus go ndéanfar cothabháil ar thaifid chuntasaíochta chuí agus dearbhú d'iontaofacht na faisnéise a sholáthraíonn siad, le haghaidh úsáide inmheánaigh agus foilsithe araon.

Is iad príomhghnéithe an chórais ná:

- beartais, nósanna imeachta agus struchtúir eagrúcháin fhoirmiúla i bhfeidhm a thacaíonn le timpeallacht rialaithe láidir a choinneáil;
- áiríonn an straitéis gnó, an próiseas pleanála agus buiséadach anailís ar na mór-rioscaí gnó a théann i bhfeidhm ar an eagraíocht. Is próiseas leanúnach é measúnú riosca ar a leagann an Bord béim shuntasach;
- táirgtear sraith táscairí feidhmíochta agus faisnéise bainistíochta go pras ar bhonn míosúil. Ceadáíonn sé seo do mhonatóireacht ar dhul chun cinn maidir le cuspóirí níos fadtéarmaí agus buiséid bhliantúla, measúnú a dhéanamh ar threochtaí agus gníomhú ar

éagsúlachtaí. Ullmhaítear buiséid mhionsonraithe go bliantúil i gcomhthéacs pleananna straitéiseacha níos fadtéarmaí agus tugtar suas chun dáta go rialta iad;

- déantar doiciméadú ar nósanna imeachta cuntasáíochta, sainmhíniú ar thimthriallta idirbhirt, mionsonrú ar amchláir chuntasaíochta, rialú ar chomhéadain uathoibrithe, cuirtear próisis athbhreithnithe agus réitigh i gcrích, leithscartar dualgais agus seiceáiltear teorainneacha údaraithe. Tá freagracht as na mórfheidhmeanna gnó uile leithdháilte ar chomhaltaí fhoirne cáilithe le taithí acu.
- ullmhaíonn feidhm na hlníúcháireachta Inmheánaigh an plean Iníúcháireachta Inmheánaigh agus faomhann an Coiste Iníúcháireachta é. Tuairiscíonn an tlníúchadh Inmheánach don Choiste Iníúcháireachta ar bhonn leanúnach.

Sócmhainneacht & Caipitliú

Ullmhaíodh cuntais an Bhoird ar bhonn gnóthais leantaigh agus, tá na Stiúrthóirí sásta gur gnóthas leantach é an Bord, agus go bhfuil dóthain acmhainní aige leanúint de bheith ag feidhmiú sa toadhchá is intuatha. Ag teacht ar an tuairim seo, measann na Stiúrthóirí go bhfuil sé feiliúnach a leithéid a dhéanamh bunaithe ar bhuiséad an Bhoird don bhliain 2012, pleananna meántréimhseacha an Bhoird agus polasaí an Rialtais i ndáil le húdarú. Tá oibleagáid reachtúil ar an mBord a chinntiú go dtuilleann Vhi um Chúram Sláinte dóthain cistí sa mhargadh árachais sláinte phríobháidigh le freastal ar riachtanais an ghnó. In éagmais athchóirithe rialála leordhóthanach ní raibh agus ní bheidh sé de rogha ag an mBord ach straitéisí malartacha a chur i bhfeidhm a chuirfidh ar a chumas a chuid oibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh.

6. Luach Saothair na Stiúrthóirí

Tá leibhéil luach saothair bhliantúla don Chathaoirleach agus gach Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin leagtha ag an Rialtas ag €20,520 agus €11,970 faoi seach le héifeacht ó 1 Samhain 2011. Ní fhaigheann Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin aon luach saothair eile agus níl aon conarthaí nó comhaontuithe seirbhíse acu leis an mBord.

7. Príomhthascanna agus éiginnteachtaí

Éilíonn dlí cuideachta na hÉireann anois ar chuideachtaí cur síos a dhéanamh ar na príomhríoscaí agus éiginnteachtaí atá os a gcomhair. In ainneoin nach bhfuil an Bord faoi réir forálacha dlí cuideachta, measann na Stiúrthóirí gur rialachas corparáideach fóna atá i gceist lena leithéid de chur síos a sholáthar.

Na príomhríoscaí agus éiginnteachtaí atá os comhair an ghnó ná:

- I. a) inbhuanaitheacht mhargadh árachais sláinte phríobháidigh pobalráitithe de bharr na brúnna costais fíorshuntasacha:
 - (i) treochtaí déimeagrafacha ó tharla costais árachais sláinte phríobháidigh a bheith ag ardú mar gheall ar an daonra a bheith ag dul in aois;
 - (ii) cúrsaí eacnamaíocha, nuair nach bhfuil ar chumas roinnt mhaith daoine óga íoc as árachas sláinte phríobháidigh níos mó;
 - (iii) méadú ar leibhéil acmhainne agus ar líon cóireálacha, rud atá mar bhonn le costais a bheith ag méadú;
 - (iv) táillí in ospidéal phoiblí, atá bunaithe go hiomlán ar chinneadh an rialtais;
 - (v) boilsciú leanúnach ar chostais leighis, atá ag eascairt ó fhorbairt teicneolaíochtaí, drugaí, cóireálacha nua s.r.l.;
 - (vi) méadú suntasach ar an líon leapacha príobháideacha, ó tharla gur tréith den mhargadh cúraim sláinte é go dtiocfaidh méadú ar éileamh ionas go mbeidh sé ag teacht le soláthar.

TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ

(AR LEAN)

b) inbhuanaitheacht de chuid Vhi um Chúram Sláinte, ag eascirt ó neamhchinnteacht maidir le meicníocht inbhuanaithe a bheidh in ann tacú go hiomlán le pobal níos sine an tsochaí.

In 2009, bunaíodh an tAcht Árachais Sláinte Leasaithe (Forálacha Ilghnéitheacha) agus sonraíodh mar cheann dá chuspóirí dlúthpháirtíocht ó ghlúin go glúin agus árachas sláinte pobalráitithe a fheabhsú.

Cuireadh tús faoin Acht seo le scéim a áiríonn tobhach ar chonarthaí árachais sláinte phríobháidigh ar mhaithe le ciste a chruthú ar a dtabharfar Faoiseamh Cánach bainteach le hAois ag an bhFoinse (ARTRS) a úsáidfear chun na costais árachais a bhaineann le daoine breacaosta a íoc. Níor chúitigh na rátaí a raibh feidhm leo in 2011 (féach an tábla thíos) ach níos lú ná 50% den riosca agus mar thoradh, tá caillteanas réamh-chánach de chuid €100m tabhaithe ag Vhi um Chúram Sláinte i ndáil le freastal ar riachtanais chúraim sláinte ár gcustaiméirí breacaosta atá os cionn 60 bliain d'aois. Ní dhéanfaidh rátaí na bliana 2012 cúiteamh ach le haghaidh thart ar 55% den riosca agus ní bheidh go leor ann chun tacú leis na caillteanais tabhaithe i ndáil le freastal ar riachtanais chúraim sláinte ár gcustaiméirí breacaosta.

Lena chois sin, táthar tar éis an tAcht a dhréachtú ar an mbonn gur bheart idirthréimhseach é atáthar tar éis a leathnú ar feadh bliain eile chuig Nollaig 2012. Tá sé léirithe ag an Aire Sláinte go dtabharfar isteach Scéim um Choithromú Riosca cuimsitheach in 2013 ach níl aon sonraí ina leith ar fáil go fóill.

Tobhach

	2010	2011	2012
In aghaidh an Linbh (faoi 18)	€55	€66	€95
In aghaidh an Duine Fásta	€185	€205	€285

Faoiseamh Cánach Aoise

Aois Athnuachana	2010	2011	2012
50 - 59	€200	-	-
60 - 64	€525	€625	€600
65 - 69	€525	€625	€975
70 - 74	€975	€1,275	€1,400
75 - 79	€975	€1,275	€2,025
80 - 84	€1,250	€1,725	€2,400
85 +	€1,250	€1,725	€2,700

- II. I mí Feabhra 2010 thóg an Coimisiún Eorpach cás i gcoinne Stát na hÉireann dírithe ar leanúnachas díolúine Vhi um Chúram Sláinte ó chur chun feidhme rialacha an AE ar arachas neamhshaoil.

Ar 29ú Meán Fómhair 2011 fuair Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh gur theip ar Éire a cuid oibleagáidí a chomhlíonadh faoi threoracha ábhartha an AE gan reachtaíocht árachais an Aontais Eorpaigh a chur chun feidhme ina hiomláine i ndáil le foghnóthais árachais uile ar bhonn neamh-idirdhealaithe.

Mar fhreagra ar bhreithiúnas na Cúirte dhearbhaigh Rialtas na hÉireann go raibh sé i gceist aige a chinntiú go bhfuil ar chumas Vhi um Chúram Sláinte iarratas a dhéanamh ar údarú chuig Banc Ceannais na hÉireann faoin 31ú Nollaig 2013. Mar chuid de seo, inter-alia, beidh;

- a) gá le instealladh caipitil, ag a bheidh impleachtaí um Chúnamh Stáit
- b) gá le córas láidir um chothromú riosca le cuir ar chumas Vhi um Chúram Sláinte Banc Ceannais na hÉireann a shásamh go bhfuil cas gnó inbhuanaithe aige ag dul ar aghaidh 3 – 5 bliana.

- III. Thug an tAcht Árachais Sláinte Shaorálaigh (Leasú) 2008 cumhachtaí tráchtála breise do Vhi um Chúram Sláinte ach ní bheidh feidhm leo seo go dtí tar éis a dhéanann Banc Ceannais na hÉireann údarú agus ceadúnú air (féach II thuas). Baineann Vhi um Chúram Sláinte úsáid as roinnt Príomhtháscairí Feidhmíochta i gcaitheamh a chuid gníomhaíochtaí éagsúla agus tá na cinn is suntasaí leagtha amach sa Tuarascáil Bhliantúil.

8. Íoc Pras Cuntas

Aithníonn an Bord an fhreagracht atá air a chinntiú go gcloítear le forálacha an Achta um Íoc Pras Cuntas 1997 (arna leasú ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (íocaíocht dhéanach in idirbhearta tráchtála), 2002). Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm chun na dátaí ar a bhfuil sonraisc dlite le híoc agus ar a bhfuil íocaíochtaí le déanamh ar dátaí dá leithéid a aithint, agus dá réir sin, tá an Bord sásta bhfuil go bhfuil riachtanais na Rialachán comhlíonta ag an mBord Árachais Sláinte Shaorálaigh.

9. Foghnóthais agus gnóthais ghaolmhara

Tá foghnóthais agus gnóthais eile an Bhoird, amhail ag 31 Nollaig 2011, liostaithe i nóta 24.

10. Leabhair Chuntais

Tá na Stiúrthóirí freagrach as a chinntiú go gcoimeádann an Bord leabhair chuntais chuí agus baineadh é seo amach trí phearsanra cuntasáíochta atá cáilithe go cuí a fhostú agus trí chórais chuntasáíochta chuí a choimeád. Tá na leabhair chuntais suite i gceannoifig an Bhoird ag Teach VHI, Sráid na Mainistreach Íochtarach, Baile Átha Cliath 1.

11. Iniúcháirí

Tá na hiniúcháirí Deloitte & Touche, Cuntasóirí Cairte, ar fáil lena n-atoghadh de réir Alt 19 (2) den Acht Árachais Sláinte Shaorálaigh 1957.

Thar ceann an Bhoird:




Bernard Collins
Cathaoirleach



Cathriona Hallahan
Stiúrthóir

15 Márta 2012



Cláir Scagthástála


Tá réimse pacáistí scagthástála sláinte nua tugtha isteach ag Vhi um Chúram Sláinte atá deartha chun léargas a thabhairt do chustaiméirí ar a gcuid sláinte, ag cabhrú chun fachtóirí riosca a aithint a d'fhéadfadh a bheith mar chúis le saincheisteanna sláinte ionchais sa todhchaí agus ag ceadú do chustaiméirí cur chuige níos réamhghníomhaí a ghlacadh de láimh i ndáil le déileáil lena gcuid sláinte.

Scagthástáil Diaibéitis

- Táthar tar éis scagthástáil a dhéanamh ar 24,000 custaiméir ó 2009 i leith
- Os cionn 2,500 duine diagnóisithe le Diaibéiteas nó Réamh-Diaibéiteas
- As sin 1,600 arbh fhir iad i gcomparáid le thart ar 900 bean
- Fuarthas go raibh 76% d'fhir róthrom nó murtallach vs 54% de mhná
- Bhí brú fola ard ag 23% de mhná agus 27% d'fhir ar lá na scagthástála
- 5,000 duine lena gcuid scagthástála a dhéanamh arís chun dul chun cinn an riosca dá gcuid ó thráth na tástála bunaidh a dhearbhú

Scagthástáil Drólainne

- Táthar tar éis scagthástáil a dhéanamh ar 7,500 custaiméir le haghaidh ailse cholaireicteach ó mhí na Bealtaine 2010
- Fuarthas go raibh mínormáltachtaí ag os cionn 280 custaiméir
- Rinneadh thart ar 215 ionscópacht ar an drólann



TUARASCÁIL NA N-INIÚCHÓIRÍ

Tuarascáil na nIniúcháirí Neamhspleácha chuig Stiúrthóirí Boird an Bhoird Árachais Sláinte Shaorálaigh

Tá iniúchta déanta againn ar ráitis airgeadais an Bhoird Árachais Sláinte Shaorálaigh don tréimhse dar críoch 31.12.11 a chuimsíonn an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas Sreabhadh Airgid, Ráiteas na nGnóthachan agus na gCaillteanas Aitheanta Iomlána, ráiteas na mbeartas cuntasáiochta agus na nótaí gaolmhara 1-24. Táthar tar éis na ráitis airgeadais seo a ullmhú faoi na beartais chuntasáiochta atá leagtha amach anseo.

Déantar an tuarascáil seo do Stiúrthóirí Boird an Bhoird Árachais Sláinte Shaorálaigh, agus dóibh siúd amháin, de réir Alt 19 den Acht Árachais Sláinte Shaorálaigh 1957. Chuathas i mbun ár gcuid oibre iniúchta ionas go bhféadfaimis na nithe sin a bhfuil sé de cheangal orainn a shonrú do na Stiúrthóirí a dhéanamh i dtuarascáil na n-iniúcháirí agus ní ar mhaithe le críoch ar bith eile. Chomh fada agus atá ceadaithe de réir an dlí, ní ghlactar ná ní ghabhtar freagracht chugainn féin as ucht duine ar bith seachas an Bord agus na Stiúrthóirí mar chomhlacht dár gcuid oibre iniúchta, don tuarascáil seo, nó do na tuairimí atá curtha i dtoll a chéile againn.

Freagrachtaí na Stiúrthóirí agus na nIniúcháirí Faoi Seach

Tá na Stiúrthóirí freagrach as an Tuarascáil Bhliantúil a ullmhú, lena n-áirítear, faoi mar atá leagtha amach sa Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí, na ráiteas airgeadais úd a ullmhú de réir an dlí is infheidhme agus caighdeán chuntasáiochta eisithe ag Bord na gCaighdeán Cuntasáiochta agus foilsithe ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (Cleachtas Cuntasáiochta a nGlactar leis Go Coitianta in Éirinn). Táthar freagrach, mar iniúcháirí neamhspleácha, as na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir na gceanglas dlíthiúil agus rialála ábhartha agus de réir na gCaighdeán Iniúcháireachta Idirnáisiúnta (An Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tuairiscítear ár dtuairim daoibh maidir le cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas cruinn agus cothrom, de réir Cleachtais Chuntasáiochta a nGlactar leis go Coitianta in Éirinn, agus atá ullmhaithe go cuí de réir Rialachán na gComhphobal Eorpach (Gnóthais Árachais: Cuntais), 1996.

Déantar athbhreithniú ar cibé an léiríonn an ráiteas rialachais chorparáidigh comhlíonadh deonach an Bhoird de naoi bhforáil na gCód FRC arna sonraíodh dár n-athbhreithniú agus déanfar tuairisciú mura léirítear amhail. Níl sé de dhualgas orainn tuairim a chur in iúl ar éifeachtacht nósanna imeachta rialachais chorparáidigh an Bhoird nó ar a chuid rialuithe inmheánacha.

Léitear an fhaisnéis eile atá sa tuarascáil bhliantúil agus déantar breithniú ar na himpleachtaí dár dtuarascáil féin má thugtar aon mhíráltais dealraitheach nó neamhréireachtaí ábhair maidir leis na ráitis airgeadais faoi deara. Is éard atá san fhaisnéis eile ná Tuarascáil an Stiúrthóra amháin, lena n-áirítear an ráiteas rialachais chorparáidigh, Ráiteas an Chathaoirligh, Athbhreithniú na nOibríochtaí agus na Graif agus Torthaí Comparáideacha. Ní bhaineann ár gcuid freagrachtaí le faisnéis eile.

Bunús leis an Tuairim Iniúcháireachta

Chuathas i mbun ár gcuid iniúchtaí gcomhréir leis na Caighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (An Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúcháireachta. Áiríonn iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, ar an bhfianaise a bhaineann le méideanna agus nochtadh sna ráitis airgeadais. Áirítear freisin measúnú ar na breithiúnais agus meastacháin suntasacha a rinne na stiúrthóirí agus iad ag ullmhú na ráiteas airgeadais agus ar cibé an bhfuil nó nach bhfuil na beartais chuntasáiochta oiriúnach do chúinsí an Bhoird, curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach agus nochta go leordhóthanach.

Rinneadh ár n-íniúchadh a phleanáil agus a fheidhmiú chun an fhaisnéis agus na míniúcháin uile a ghnóthú gur shíleamar a bheith riachtanach d'fhonn sinn a sholáthar le leorfhiánaise chun dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh siad mar thoradh ar chalaois nó mírialtacht nó botún eile. Agus ár dtuairim á fhoirmiú againn, rinneadh measúnú ar leorgacht cur i láthair na faisnéise sna ráitis airgeadais.

Tuairim

Inár dtuairim, tugann na ráitis airgeadais léargas cruinn agus cothrom, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar leis go Coitianta in Éirinn agus de réir Rialachán na gComhphobal Eorpach (Gnóthais Árachais: Cuntais), 1996, ar staid ghnóthaí an Bhoird amháil an 31 Nollaig 2011 agus ar an farasbarr don bhliain dár críoch ansin.

Béim ar Ábhar – Sócmhainneacht agus Caipitliú

Gan ár dtuairim a cháiliú, tarraingímid do chuid airde ar na nochtaí atá déanta i Nóta 1 maidir le hinmharthanacht airgeadais an Bhoird sa chás nach ndéantar an beart idirthréimhseach atá mínithe i Nóta 3 a athchur le scéim bhuan um chothromú riosca agus an riachtanas go mbeadh ar chumas an Bhoird iarratas a dhéanamh ar cheadúnas árachais ó Bhanc Ceannais na hÉireann faoi 31 Nollaig 2013.

Deloitte & Touche

Cuntasóirí Cairte agus Iniúcháirí Cláraithe
Baile Átha Cliath

15 Márta 2012

RÁITEAS AR BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

Bunús Ullmhúcháin

Ullmhaítear na cuntais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta a nglactar leo go coitianta in Éirinn, Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Gnóthais Árachais: Cuntais), 1996 agus an Ráiteas ar Chleachtas Molta ar Chuntasaíocht i nGnó an Árachais (SORP) arna ghlacadh ag Cumann Árachóirí na Breataine.

Is iad seo a leanas na príomhbheartais chuntasaíochta a nglactar leo:

Bunús na Cuntasaíochta

Ullmhaítear na cuntais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, arna mhionathrú ag athluacháil na n-infheistíochtaí. Éilíonn ullmhú na gcuntas de réir na bprionsabal cuntasaíochta a nglactar leo go coitianta, go ndéanfaí breithiúnas le linn beartas cuntasaíochta an Bhoird a chur i bhfeidhm. Baineann na réimsí ina bhfuil ardleibhéal breithiúnais nó castachta i gceist, nó na réimsí ina bhfuil toimhdí nó meastacháin suntasach i leith na gcuntas, go príomha le soláthairtí d'éilimh atá gan íoc agus rioscaí neamhchaite, agus déantar doiciméadú orthu sna beartais chuntasaíochta anseo thíos. Tá na forálacha le haghaidh éilimh gan íoc agus rioscaí neamhchaite bunaithe ar modhanna achtúireacha ríofa á n-athbhreithniú ag achtúirí comhairleacha an Bhoird, Towers Watson Limited.

Préimheanna Scríofa

Is éard atá i gceist le hollphréimheanna scríofa ná an t-ioncam préimhe is infhaighte ó chustaiméirí maidir le beartais a thosaíonn sa bhliain airgeadais.

Is éard atá i gceist le préimheanna neamhthuillte ná an chuid sin de phréimheanna scríofa sa bhliain a bhaineann leis an téarma beartais neamhchaite atá i bhfeidhm ag dáta an chláir chomhordaithe, agus ríofa ar bhonn cionranna ama.

Éilimh Thabhaithe

Is éard atá i gceist le héilimh tabhaithe ná éilimh agus speansais ghaolmhara a íocadh i rith na bliana in éineacht le hathruithe ar sholáthairtí d'éilimh gan íoc, lena n-áirítear forálacha do chostas measta na n-éileamh atá tuairiscithe ach nach bhfuil íoctha fós, éilimh tabhaithe ach gan a bheith tuairiscithe agus speansais láimhseála ghaolmhara. Léiríonn an soláthar comhlán d'éileamh an dliteanas measta ag éirí as éilimh mhíochaine tabhaithe sa bhliain airgeadais reatha agus roimhe sin nár léirigh na héilimh atá le híoc fós. Ceadaíonn an soláthar do liúntas le haghaidh láimhseála éileamh agus speansas. Déantar meastachán ar an soláthar éilimh bunaithe ar an bhfaisnéis is fearr atá ar fáil chomh maith le faisnéis agus eachtraí a tharlaíonn ina dhiaidh sin. Cuirtear coigeartuithe do mhéid an tsoláthair éilimh do bhlianta roimhe sin san áireamh sa chuntas ioncaim agus caiteachais sa bhliain airgeadais ina ndéantar an t-athrú.

Rioscaí Neamhchaite

Déantar foráil, bunaithe ar fhaisnéis atá ar fáil ag dáta an chláir chomhordaithe, d'aon easnaimh fhrithgheallta mheasta a bhaineann le rioscaí neamhchaite tar éis toraidh infheistíochta ábhartha a chur san áireamh. Déantar toimhdí stuama ionas gur cheart go mbeadh an foráil leordhóthanach i gcúinsí neamhfhabhracha atá réasúnta intuartha.

Cánachas Iarchurtha

Soláthraítear cánachas iarchurtha ar dhifríochtaí ama idir fharasbarr incháinithe an Bhoird agus a fharasbarr mar a shonraítear sna cuntais. Déantar na soláthairtí ag na rátaí cánach a mbítear ag súil a mbeidh i bhfeidhm sna tréimhsí ina mbítear ag súil go n-aisiompóidh difríochtaí ama. Aithnítear sócmhainní cánach iarchurtha sa mhéid is gur dóchúil go bhfaighfear ar ais iad.

Faoiseamh cánach bainteach le haois agus Tobhach an Árachais Sláinte

Is éard atá i gceist le faoiseamh cánach bainteach le haois agus Tobhach an Árachais Sláinte scríofa ná na méideanna infhaighte/iníoctha leis na Coimisinéirí Ioncaim i ndáil le beartais a gcuirtear tús leo sa bhliain airgeadais.

Is éard atá i gceist le soláthar do chreidmheasanna/tobhach neamhthuillte/gan chostas bainte ná an chuid sin de na creidmheasanna/tobhach scríofa sa bhliain a bhaineann leis an téarma beartais neamhchaite atá i bhfeidhm ag dáta an chláir chomhordaithe, agus ríofa ar bhonn cionranna ama. Aithnítear an glansochar ar bhonn préimhe tuillte thar saolré na mbeartas agus áirítear mar ioncam teicniúil eile sa chuntas ioncaim agus caiteachais é.

Sócmhainní Inláimhsithe

Sonraítear sócmhainní inláimhsithe ag costas, lúide dímheas carntha. Ríomhtar dímheas chun costas na sócmhainní a dhíscríobh thar a gcuid saolréanna fóna measta ar bhonn méid chothroim mar seo a leanas:

Mótarfheithiclí	4 bliana
Trealamh ríomhaireachta	4 bliana
Bogearraí	4-6 bliana
Troscán, feisteas agus trealamh oifige	5 bliana

I gcás caiteachais a thabhaítear ag forbairt córas ríomhaireachta atá suntasach ó thaobh méid de agus a mheastar a mbaineann tairbhe gheilleagrach leis don Bhord a mhairfidh níos mó ná bliain amháin amach anseo, déanfar é a chaipitliú agus a dhímheas thar an tréimhse ina bhfuiltear ag súil go dtiocfaidh na tairbhí geilleagracha chun cinn. Tá an tréimhse seo faoi réir uasmhéid sé bliana. I gcás neamhchinnteachta maidir lena thairbhe gheilleagrach amach anseo, baintear an caiteachas ón gcuntas Ioncam agus Caiteachais.

Infheistíochtaí

Sonraítear infheistíochtaí atá coinnte le haghaidh trádála, lena n-áirítear urrúis liostaithe, ag luach an mhargaidh. Is éard atá i luach an mhargaidh ná an praghas tairgthe, lúide ús fabhráithe ag dáta an chláir chomhordaithe. Cinntear gnóthachain/caillteanais ar idirbhearta infheistíochta ar bhonn meánchostais agus déantar taifead dóibh sa chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

Sonraítear infheistíochtaí, nuair atá sé i gceist iad a choinneáil go dtí an dáta fuascailte, lena n-áirítear stoic rialtais agus stoic ráthaithe rialtais, ag costas amúchta thar an tréimhse idir an dáta ceannaigh agus an dáta fuascailte.

Déantar luacháil ar thalamh agus ar fhoirgnimh go bliantúil ar bhonn luachála margaidh oscailte. Déanann luachálaithe neamhspleácha atá cáilithe go gairmiúil na luachálacha. Coinnítear na maoine uile atá áitithe ag an mBord i ndeisiúchta leanúnach maith. Mar thoradh air sin, breithníonn na stiúrthóirí go bhfuil aon dímheas i leith saolta geilleagracha agus luachanna iarmharacha na maoine seo neamhshuntasach agus mar sin ní sholáthraítear é.

Lagú

Déantar measúnú ar shócmhainní airgeadais, seachas iad siúd ag luach an mhargaidh, le haghaidh táscairí laghdaithe ag dáta gach clár comhordaithe. Tá sócmhainní airgeadais lagaithe nuair atá fianaise oibiachtúil ann, mar thoradh ar eachtra amháin nó níos mó a tharla tar éis na sócmhainne airgeadais a aithint i dtosach, go bhfuil curtha isteach ar shreabhadh airgid measta na hinfeistíochta sa todhchaí.

RÁITEAS AR BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA (AR LEAN)

Ioncam Infheistíochta

Glactar leis go n-áirítear ioncam a thuilltear ar bhonn lá go lá in urrús ar stoic agus taiscí bainc ar ús seasta. Tugtar cuntas ar an ioncam uile ar bhonn fabhráithe. Áirítear ioncam ó ghnáthscaireanna ar bhonn na ndíbhinní a fhaightear i rith na bliana airgeadais.

Toradh na hInfheistíochta

Is bunaithe ar thoradh iarbhír infheistíochta a thuairiscítear torthaí oibriúcháin. Tá leithdháileadh thoradh na hinfheistíochta ón gcuntas neamhtheicniúil go dtí an cuntas teicniúil bunaithe ar an toradh ar infheistíochtaí a bhaineann leis an ngnó árachais.

Infheistíochtaí i gComhfhiontair, i bhFoghnóthais agus i gComhlaigh

Áirítear foghnóthais faoin modh costais.

Áirítear comhlaigh agus comhfhiontair faoi mhodh an chothromais ghlain.

Sochair Scoir

Cinntear an costas a bhaineann le sochair a sholáthar agus dliteanais na bpleananna sochair shainithe, ag baint úsáide as an modh aonaid creidmheasa réamh-mheasta, le luachálacha achtúireacha á ndéanamh ag dáta gach clár comhardaithe.

Aithnítear costas seirbhíse, costas úis agus toradh ar shócmhainní scéime reatha sa chuntas ioncaim agus caiteachais. Aithnítear gnóthachain agus caillteanais achtúireacha i ráiteas na ngnóthachan agus na gcaillteanas aitheanta iomlána. Aithnítear iar-chostas seirbhíse láithreach. Aithnítear an farasbarr nó easnamh glan ar an scéim pinsean shochair shainithe, glan ó chánachas iarchurtha, ar an gclár comhardaithe.

Ina theannta sin, soláthraíonn an Bord sochair do phinsinéirí áirithe chomh maith i leith clúdaigh árachais sláinte, atá neamh-mhaoinithe. Déantar oibleagáid an Bhoird maidir leis na sochair seo a thomhas ag baint úsáide as an modh aonaid creidmheasa réamh-mheasta agus déantar lascainiú air go dtí an luach reatha, le luachálacha achtúireacha á ndéanamh ag dáta gach clár comhardaithe. Aithnítear méid iomlán oibleagáide an Bhoird ar an gclár comhardaithe agus áirítear an muirear don bhliain sa chuntas ioncaim agus caiteachais.

Costais éadála iarchurtha

Cuirtear na costais a thabhaítear i rith na bliana airgeadais, atá inchurtha go díreach i leith gnó nua a ghnóthú, síos mar speansais sa tréimhse chuntasaíochta chéanna ina dtuilltear na préimheanna lena mbaineann siad. Aithnítear na costais éadála eile go léir mar speansais nuair a thabhaítear iad.

Tar éis iad a aithint i dtosach, iarchuirtear na costais seo i gcomhréir le soláthar na bpréimheanna neamhthuillte. Dá bhrí sin, is ionann an méid atá iarchurtha agus an céatadán de na costais éadála iomlána atá idir sholáthar na bpréimheanna neamhthuillte agus na hollphréimheanna scríofa. Déantar taifead ar amúchadh sa chuntas ioncaim agus caiteachais.

Déantar athbhreithniú ar chostais éadála iarchurtha ag deireadh gach tréimhse tuairiscithe agus díscríobhtar iad nuair a bhreithnítear nach bhfuil siad inghnóthaithe níos mó ó chorrlaigh ionchais sa todhchaí.

CUNTAS IONCAIM & CAITEACHAIS

Cuntas Teicniúil: Árachas Sláinte

Bliain dar críoch 31 Noll			
	Nótaí	2011 €m	2010 €m
Gníomhaíochtaí Leanúnacha			
Préimh Tuillte	2		
Ollphréimheanna scríofa		1,300.1	1,331.2
Athrú ar an soláthar comhlán do phréimheanna neamhthuillte		14.0	3.7
		1,314.1	1,334.9
Ioncam infheistíochta leithdháilte aistrithe ón gcuntas neamhtheicniúil		(23.5)	22.5
		1,290.6	1,357.4
Ioncam teicniúil eile			
Creidmheasanna/tobhach cánach aois-choibhneasa	3	41.1	37.2
Éilimh thabhairthe			
Éilimh íoctha		(1,263.2)	(1,238.6)
Athrú ar an soláthar le haghaidh éileamh		28.9	(68.7)
	4	(1,234.2)	(1,307.3)
Glanchoistais oibriúcháin	5	(88.4)	(90.3)
Iarmhéid sa chuntas teicniúil um árachas sláinte		9.0	(3.0)

CUNTAS IONCAIM & CAITEACHAIS

Cuntas Neamhtheicniúil: Árachas Sláinte


Bliain dar críoch 31 Noll

	Notes	2011 €m	2010 €m
Gníomhaíochtaí Leanúnacha			
Iarmhéid sa chuntas teicniúil um árachas sláinte		9.0	(3.0)
Ioncam infheistíochta	6	(23.5)	22.5
Toradh infheistíochta leithdháilte aistrithe chuig an gcuntas teicniúil um árachas sláinte		23.5	(22.5)
Farasbarr/(easnamh) ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh chánachas		9.0	(3.0)
Cánachas ar ghnáthghníomhaíochtaí	7	(1.6)	(0.1)
Farasbarr/(easnamh) ar ghnáthghníomhaíochtaí i ndiaidh cánachas tógtha go cúlchistí	8	7.4	(3.1)

D'fhaomh an Bord na cuntais ar 15 Márta 2012, agus shínigh na daoine seo a leanas iad ar a shon:



Bernard Collins
Cathaoirleach



Cathriona Hallahan
Stiúrthóir

CLÁR COMHARDAITHE

Sócmhainní

		Ag 31 Nollaig	
	Nótaí	2011 €m	2010 €m
Infheistíochtaí			
Talamh agus foirgnimh	9	22.1	25.2
Infheistíochtaí airgeadais eile	10	781.0	779.9
Féichiúnaithe			
Féichiúnaithe ó chustaiméirí ag eascairt as oibríochtaí árachais		383.8	404.2
Féichiúnaithe eile	11	133.3	141.2
Sócmhainní Eile			
Sócmhainní inláimhsithe	12	20.3	27.3
Cánachas iarchurtha	13	7.8	9.5
Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhraithe			
Réamhíocaíochtaí		2.0	1.6
Ús fabhraithe		6.9	11.0
Costais éadála iarchurtha	14	9.0	8.6
Iomlán na Sócmhainní		1,366.3	1,408.5


Dliteanais

		Ag 31 Nollaig	
	Nótaí	2011 €m	2010 €m
Cúlchistí			
Cúlchiste ginearálta		295.2	308.3
Soláthairtí teicniúla			
Soláthar do phréimheanna neamhthuillte		469.0	482.9
Éilimh gan íoc		349.0	374.7
Creidiúnaithe			
Creidiúnaithe chuig custaiméirí ag éirí as oibríochtaí árachais		40.7	44.0
Creidiúnaithe agus fabhruithe eile	15	159.8	163.6
Rótharraingt bhainc		2.7	3.7
Dliteanas na Sochar Scoir	16	49.9	31.3
Iomlán na nDliteanas		1,366.3	1,408.5

D'fhaomh an Bord na cuntais ar 15 Márta 2012, agus shínigh na daoine seo a leanas iad ar a shon:



Bernard Collins
Cathaoirleach



Cathriona Hallahan
Stiúrthóir

RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID

Bliain dar críoch 31 Noll

	Nótaí	2011 €m	2010 €m
Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	17	4.5	83.1
Cánachas		-	4.6
Caiteachas caipitil		(2.7)	(3.6)
		1.9	84.1
Rinneadh Infheistiú ar an sreabhadh airgid mar seo a leanas:			
Méadú i sealúchais airgid tirim		1.0	14.2
Glan-infheistíocht/(laghdú) punainne	18 & 20	0.9	69.9
Glanmhéadú ar shreabhadh airgid	19	1.9	84.1

RÁITEAS AR GHNÓTHACHAIN AGUS CAILLTEANAIS AITHEANTA IOMLÁNA

Bliain dar críoch 31 Noll

	Nótaí	2011 €m	2010 €m
Farasbarr/(easnamh) don tréimhse airgeadais		7.4	(3.1)
(Caillteanas)/gnóthachan achtúireach ar chiste pinsean	16	(20.4)	4.9
Gnóthachain/(caillteanais) aitheanta iomlána i ndáil leis an tréimhse		(13.0)	1.8

NÓTAÍ DO NA CUNTAIS

1. Sócmhainneacht & Caipitliú

Tá cuntais an Bhoird ullmhaithe ar bhonn gnóthais leantaigh agus, tá na Stiúrthóirí sásta gur gnóthas leantach é an Bord, ag a bhfuil acmhainní leordhóthanacha chun leanúint ag feidhmiú sa todhchaí is intuartha. I bhfoirmiú na tuairime seo glacann na Stiúrthóirí leis go bhfuil sé oiriúnach a leithéid a dhéanamh bunaithe ar bhuiséad an Bhoird don bhliain 2012, pleananna meántéarmacha an Bhoird agus polasaí an Rialtais i ndáil le húdarú. Tá sé de dhualgas reachtúil ar an mBord a chinntiú go ngineann Vhi um Chúram Sláinte cistí dóthanacha i margadh an árachais sláinte phríobháidigh chun freastal ar riachtanais an ghnó. Gan athchóiriú rialála leordhóthanach ní bheidh an dara rogha ag an mBord ach a mhalairt de straitéisí a chur i bhfeidhm a bheidh mar bhonn le comhlíonadh oibleagáidí reachtúla an Bhoird.

Riachtanas Ceadúnais Árachóra Údaraithe

Tá iarrtha ag an Aire Sláinte go mbeadh ar chumas Vhi um Chúram Sláinte iarratas a dhéanamh ar cheadúnas mar árachóir údaraithe chuig Banc Ceannais na hÉireann faoi 31 Nollaig 2013. Le linn measúnú a dhéanamh ar iarratas, cuireann an Banc Ceannais roinnt tástálacha chun feidhme, lena n-áirítear, inter alia,

- a) leorgacht an leibhéil sócmhainneachta reatha
- b) leorgacht an seasaimh sócmhainneachta mheántéarmach bunaithe ar chás doirbh 5 bliana.

Tá seasamh Vhi um Chúram Sláinte i leith an chorrailigh shócmhainneachta riachtanach ag 31 Nollaig 2011 léirithe sa chuid i ndáil le Torthaí Chomparáideacha.

Tá leibhéal sócmhainneachta de 22.3% ag Vhi um Chúram Sláinte faoi láthair (Nollaig 2010: 22.8%) nó 100% den riachtanas íosta dlithiúil. Éilíonn Banc Ceannais na hÉireann corrlach 150% den íosmhéid. D'fhoill na riachtanais seo a chomhlíonadh, caithfear bearta a ghlacadh chun an seasamh sócmhainneachta riachtanach a bhaint amach faoin dáta dlí, rud a éileoidh caipiteal breise agus/nó bearta eile cosúil le hathárachas agus fofhiach.

2. Préimh Thuillte

Is ionann gnó árachais an Bhoird agus árachas sláinte go substaintiúil agus baineann préimh thuillte leis an réimse gnó seo den chuid is mó. Is ionann ioncam ó tháirgí cúnta agus €18.8m. Rinneadh an gnó scríofa go léir i bPoblacht na hÉireann

NÓTAÍ DO NA CUNTAIS (AR LEAN)

3. Faoiseamh Cánach Aois-Choibhneasa agus Tobhach an Árachais Sláinte

In 2009 tugadh isteach an tAcht Árachais Sláinte Leasaithe (Forálacha Ilchineálacha) agus sonraíodh mar cheann dá chuspóirí dlúthpháirtíocht ó ghlúin go glúin agus árachas sláinte pobalráitithe a fheabhsú.

Thug an tAcht isteach scéim eatramhach (trí bliana ag tosú in Eanáir 2009) ag cuimsiú tobhach ar chonarthaí árachais sláinte chun ciste a ghiniúint a úsáidfí i bhfoirm Faoisimh Chánach Aois-Choibhneasa ag an bhFoinse i dtreo na costais a bhaineann le daoine breacaosta a chur faoi árachas. Táthar tar éis an scéim seo a leathnú ar feadh bliain bhreise go dtí 31 Nollaig 2012.

Faoiseamh Cánach Aois-Choibhneasa ag an bhFoinse

Faoi théarmaí an Ahta, seo a leanas na rátaí infheidhmithe don bhliain 2011 maidir le faoiseamh cánach breise ag an bhfoinse;

Custaiméirí idir aoiseanna;
50 - 59: Nialas (2010: €200)
60 - 69: €625 (2010: €525)
70 - 79: €1,275 (2010: €975)
80+: €1,725 (2010: €1,250)

Tuilltear an faoiseamh cánach aois-choibhneasa thar théarma an bheartais. Ag 31 Nollaig 2011 b'ionann luach an fhaoisimh chánach neamhthuillte agus €84.6m.

Tobhach an Árachais Sláinte

Faoi théarmaí an Ahta, tá Tobhach dleachta stampála de €205 in aghaidh an duine fásta agus €66 in aghaidh an pháiste le hóc nuair a chuirtear tús le nó nuair a dhéantar athnuachan ar pholasaí árachais sláinte phríobháidigh. Cé go bhfuil an tobhach le hóc go hiomlán nuair a chuirtear tús le nó nuair a dhéantar athnuachan ar pholasaí, baintear é thar saolré an pholasaí agus b'ionann cuid neamhchaite an tobhaigh agus €68.8m ag 31 Nollaig 2011.

B'ionann an glanmhéid a aithníodh sa chuntas ioncaim agus caiteachais agus €41.1m (faoiseamh cánach aoise €259.1m, lúide tobhach €218.0m).

Féach nóta 1 a leagann amach an gá atá le réiteach níos buaine.

4. Éilimh tabhaithe

Déanann an Bord measúnú gach bliain ar cibé an dtabhóidh sé caillteanais ar mhír neamhéagtha na gconarthaí atá ann cheana nó ar chonarthaí a bhfuil sé de dhualgas air a thosú nó a athnuachan. Tá meastachán na gcaillteanas seo bunaithe ar shamhail a úsáideann caighdeáin cleachtais achtúireacha oiriúnacha. Baineann an príomh-éiginnteacht le costas agus méid na n-éileamh amach anseo. Is ionann an méid a solathraíodh ah Nollaig 2011 agus Nialas (December 2010: €10m).

Bliain dar críoch 31 Noll

	2011 €m	2010 €m
5. Glanchostais oibriúcháin		
Costais riaracháin	63.9	66.1
Costais éadála	24.9	23.7
Costais éadála iarchurtha	(0.4)	0.5
	88.4	90.3

Is ionann costais Árachais Sláinte Láirnaigh san áireamh i nglanchostais oibriúcháin agus €81.4m agus baineann an €7.0m atá fágtha le táirgí coimhdeacha

Ba é meánlíon na ndaoine, lena n-áirítear fostaithe páirtaimseartha, a bhí fostaithe ag an mBord ná: 899 878

B'ionann na costais foirne agus:

Pánna agus tuarastail	47.0	46.8
Costais leasa shóisialaigh	4.9	4.7
Sochair scoir	4.4	4.0

An luach saothair iomlán, lena n-áirítear ranníocaíocht phinsin, a íocadh leis an bPríomhfheidhmeannach a bhí ag dul as oifig agus a cuireadh san áireamh sna glanchostais oibriúcháin sa bhliain chuig Nollaig 2011 ná €342,864. Ceapadh an Príomhfheidhmeannach Gníomhach ar 1 Samhain 2011 agus an luach saothair iomlán, lena n-áirítear ranníocaíocht phinsin, a íocadh sa tréimhse sin ná €44,702.

6. Ioncam infheistíochta

Ioncam ó thalamh agus foirgnimh	0.1	0.1
Ioncam ó infheistíochtaí eile	18.9	21.5
Caillteanais ar réadú infheistíochtaí	(39.1)	(0.4)
Caillteanais neamhréadaithe ar thalamh agus foirgnimh	(3.1)	(3.5)
Gnóthachain neamhréadaithe ar infheistíochtaí coinnithe go tráth aibíochta	0.9	10.6
Caillteanais neamhréadaithe ar infheistíochtaí coinnithe le haghaidh trádála	(0.7)	(5.5)
Costais bhainistíochta infheistíochta	(0.6)	(0.3)
	(23.5)	22.5

Aistríodh suim iomlán an toraidh ar infheistíocht ón gcuntas neamhtheicniúil go dtí an cuntas teicniúil ar an mbonn go bhfuil cúlchistí an Bhoird níos ísle ná an leibhéal corrlaigh shócmhainneachta a theastaíonn on rialtóir agus, dá bhrí sin, meastar go bhfuil na cúlchistí ar fad ag tacú leis na soláthairtí teicniúla.

NÓTAÍ DO NA CUNTAIS (AR LEAN)

Bliain dar críoch 31 Noll

	2011 €m	2010 €m
7. Cánachas ar ghnáthghníomhaíochtaí		
Cuimsíonn an muirear cánach sa chuntas ioncaim agus caiteachais:		
Cánachas reatha don bhliain	-	-
Cánachas iarchurtha - muirear	(1.6)	(0.1)
	(1.6)	(0.1)

Fachtóirí le tionchar acu ar an muirear cánach reatha don tréimhse airgeadais

Ríomhtar an cánachas reatha don tréimhse airgeadais ag ráta atá difriúil ón ráta caighdeánach cáin chorparáideach in Éirinn de 12.5% (Nollaig 2010: 12.5%).

Mínítear na difríochtaí anseo thíos:

Farasbarr/(easnamh) ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh chánachas	9.0	(3.0)
Easnamh ar ghnáthghníomhaíochtaí, méadaithe faoin ráta caighdeánach um cháin chorparáideach de 12.5% (Nollaig 2010: 12.5%)	(1.1)	0.4
Éifeachtaí de chuid:		
Costais nach gceadaítear chun críocha cánachais	(0.4)	0.2
Caillteanais tugtha ar aghaidh	1.3	(0.5)
Líuntais chaipitil atá níos mó ná dímhéas na tréimhse	0.3	(0.1)
Cánachas reatha don tréimhse airgeadais	-	-

8. Farasbarr/(easnamh) ar ghnáthghníomhaíochtaí i ndiaidh cánachais, tugtha ar aghaidh chuig cúlchistí

Sonraítear farasbarr/(easnamh) don tréimhse airgeadais tar éis a ghearrtar		
Dímhéas sócmhainní seasta inláimhsithe	9.7	11.9
Luach saothair an Bhoird (lena n-áirítear costais €13,534 (Nollaig 2010 €9,553))	1.0	1.0

Luach saothair na nIníúcháirí

Táille iniúcháireachta	0.1	0.1
Táillí tuairisceáin reachtúla eile	0.1	0.1
Táillí neamh-iniúcháireachta	1.4	-

Bliain dar críoch 31 Noll

	2011 €m	2010 €m
--	------------	------------

9. Talamh agus foirgnimh

Luacháil:

Ag 1 Eanáir	25.2	28.7
Caillteanas ar athluacháil	(3.1)	(3.5)
Ag deireadh na bliana	22.1	25.2

Tá an talamh agus na foirgnimh thuas áitithe ag an mBord dá chuid gníomhaíochtaí féin agus ar ruileas den chuid is mó.

Rinneadh luacháil ar an talamh agus ar na foirgnimh ar 31 Nollaig 2011 ag luach margaidh oscailte de réir caighdeáin mheasúnaithe agus luachála Institiúid Ríoga na Suirbhéirí Cairte (RICS) Rinne luachálaithe seachtracha Thorntons Chartered Surveyors, Hamilton Osborne King, DTZ Sherry Fitzgerald agus O'Keeffe Auctioneers na luachálacha seo.

Mura mbeadh athluacháil déanta ar an talamh agus ar na foirgnimh, bheadh siad curtha san áireamh ag na méideanna seo a leanas a léiríonn costas nó glanluach inréadaithe níos ísle.

Costas tosaigh	19.8	19.8
Caillteanas athluachála	(2.8)	–
Costais deiridh	17.0	19.8

10. Infheistíochtaí airgeadais eile

	Noll-2011 Luach Margaidh €m	Noll-2011 Costas €m	Noll-2010 Luach Margaidh €m	Noll-2010 Costas €m
Coinnithe le haghaidh Trádála				
Scaireanna agus urrúis toraidh athraithe eile	12.3	15.2	6.2	6.2
Urrúis féich/urrúis ar ús seasta	300.3	302.4	239.2	243.4
Infheistíochtaí eile	1.9	4.1	2.0	4.4
Taisc le hinstiúidí creidmheasa	40.6	40.6	26.7	26.7
	355.1	362.3	274.1	280.7
	Costas amúchta	Costas	Costas amúchta	Costas
Coinnithe go haibíocht				
Urrúis féich/urrúis ar ús seasta	426.0	422.4	505.8	503.2
	781.0	784.8	779.8	783.9

B'ionann luach margaidh na n-infheistíochtaí coinnithe go tráth aibíochta ag 31 Nollaig 2011 agus €397.1m (2010: €446.6m)

NÓTAÍ DO NA CUNTAIS (AR LEAN)

Bliain dar críoch 31 Noll

	2011 €m	2010 €m
11. Féichiúnaithe eile		
Tobhach/Faoiseamh cánach aois-choibhneasa	132.4	140.3
Féichiúnaithe eile	0.9	0.9
	133.3	141.2

	Mótar- fheithiclí €m	Fearais, troscán agus feistis €m	Trealamh & bogearraí ríomhaire/oifige €m	iomlán €m
--	----------------------------	---	---	--------------

12. Sócmhainní Inláimhsithe

Costas

Ag 1 Eanáir 2011	2.1	9.0	89.6	100.7
Breiseanna	0.4	0.6	1.8	2.8
Diúscairtí	(0.5)	–	(0.6)	(1.2)
Ag 31 Nollaig 2011	1.9	9.7	90.7	102.3

Dímheas

Ag 1 Eanáir 2011	(1.4)	(8.1)	(63.9)	(73.4)
Muirear don tréimhse airgeadais	(0.4)	(0.4)	(8.9)	(9.7)
Díchurtha maidir le diúscairtí	0.5	–	0.6	1.1
Ag 31 Nollaig 2011	(1.4)	(8.5)	(72.1)	(82.0)

Glanluach leabhair ag 31 Nollaig 2011	0.5	1.1	18.6	20.3
Glanluach leabhair ag 31 Nollaig 2010	0.7	0.9	25.7	27.3

	Noll-2011 €m	Noll-2010 €m
--	-----------------	-----------------

13. Sócmhainn chánach iarchurtha

Tá sócmhainn aitheanta maidir le cánachas iarchurtha do na difríochtaí uainiúcháin seo a leanas:

Caillteanas neamhréadaithe ar luacháil infheistíochta	0.5	0.5
Caillteanais trádála tugtha ar aghaidh	5.4	6.7
Difríochtaí uainiúcháin eile	2.0	2.3
Sócmhainn chánach iarchurtha iomlán	7.8	9.5

Bliain dar críoch 31 Noll**14. Costais éadála iarchurtha**

Léirítear costais éadála mar speansais de réir mar a thuilltear na préimheanna lena mbaineann siad.

Baineann an méid €9.0m a sholáthraíodh ag 31 Nollaig 2011 (Nollaig 2010: €8.6m) leis na costais a tabhaíodh i gcaitheamh na bliana airgeadais atá inchurtha go díreach i leith gnó nua a ghnóthú. Aithnítear na costais éadála eile go léir mar speansais nuair a thabhaítear iad.

	2011	2010
	€m	€m
15. Creidiúnaithe agus fabhruithe eile		
Tobhach/Faoiseamh cánach aois-choibhneasa	147.5	151.4
ÍMAT agus ÁSPC	-	1.2
Creidiúnaithe eile	3.1	1.0
Fabhruithe	9.2	10.0
	159.8	163.6

16. Sochair scoir

Feidhmíonn an Bord scéim pinsean um shochair sainithe. Coimeádtar sócmhainní na scéime i gciste ar leith faoi riaradh iontaobhaí. I dteannta le teidlíochtaí pinsin, soláthraíonn an Bord sochair do phinsinéirí áirithe chomh maith i leith clúdaigh árachais sláinte. Cinneann aachtúire cáilithe neamhspleách na costais agus dliteanais sochair scoir, ag baint úsáide as an modh aonaid creidmheasa réamh-mheasta de mhaoiniú. Tugtar maoiniú inmheánach don scéim pinsean. B'ionann ranníocaíochtaí chun na scéime don tréimhse 12 mhí go Nollaig 2011 agus €7.7m (Nollaig 2010: €7.7m) agus iad bunaithe ar 16.5% de phá inphinsin.

Tá na luachanna a n-úsáidtear sa nochtadh seo bunaithe ar na luachála aachtúireacha is déanaí, curtha i gcrích ag 31 Nollaig 2011. Táthar tar éis na méideanna a chur i bhfeidhm go hiomlán sna cuntais i gcomhréir leis na riachtanais de chuid FRS 17: 'Sochair Scoir'.

Tá na tuarascálacha aachtúireacha ar fáil le haghaidh iniúchta ag baill na scéime ach níl siad ar fáil le haghaidh iniúchta poiblí.

NÓTAÍ DO NA CUNTAIS (AR LEAN)

Bliain dar críoch 31 Noll

16. Sochair scoir (ar lean)

	2011	2010
	%	%

Na mór-thoimhdí a n-úsáidtear maidir leis an scéim pinsean ná:

Ráta méadaithe i dtuarastail	3.25	3.75
Ráta méadaithe i bpinsin á n-íoc	2.00	2.00
Ráta lascaine	5.25	5.70
Toimhde boilscithe	2.00	2.00

Is iad na rátaí toraidh ionchais fadtéarmacha ag deireadh na tréimhse airgeadais ná:

Gnáthscaireanna	7.3	7.0
Ús seasta	4.4	4.3
Maoín	6.3	6.0
Eile	5.5	5.0

2011 2010

Meán-ionchas saoil ualaithe do tháblaí mortlaíochta a úsáidtear chun oibleagáidí sochair a chinneadh ag:

Ball 65 bliain d'aois (ionchas saoil reatha)	22.8	22.8
Ball 40 bliain d'aois (ionchas saoil ag aois 65)	26.1	26.1

2011 2010
€m €m

Na sócmhainní sa scéim phinsean ag luach margaidh ná:

Gnáthscaireanna	55.2	82.8
Ús seasta	28.8	24.6
Maoín	2.8	3.0
Eile	40.1	13.2

Luach margaidh iomlán na sócmhainní

Luach reatha na ndlíteanas scéime	126.9	123.6
-----------------------------------	-------	-------

Easnamh sa scéim

Soláthar préimhe árachais sláinte neamhchistithe	(28.8)	(12.0)
--	--------	--------

Easnamh glan na sochar scoir

Sócmhainn chánach iarchurtha gaolmhar	(57.0)	(35.7)
---------------------------------------	--------	--------

Glandlíteanas na sochar scoir

(49.9) (31.3)

Bliain dar críoch 31 Noll

16. Sochair scoir (ar lean)

2011	2010
€m	€m

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais
Gearrtha ar ghlanchostais oibriúcháin

Sochair scoir

Costas seirbhíse reatha	(3.1)	(2.9)
Costas báis i mbun seirbhíse	(0.2)	(0.2)
Sochair scoir eile	(1.1)	(0.9)
Gearrtha ar an bhrabús & Caillteanas	(4.4)	(4.0)

Ús i ndlíteanais scéime	(9.4)	(8.7)
Toradh ionchais ar shócmhainní scéime	7.9	7.3
Muirear maoinithe iomlán	(1.5)	(1.4)
Glanathrú ar an toradh oibriúcháin	(5.9)	(5.4)

2011	2010
------	------

Ráiteas na ngnóthachan agus na gcaillteanas aitheanta iomlána

Toradh iarbhír lúide toradh ionchais ar shócmhainní scéime	(12.6)	5.2
Gnóthachain agus caillteanais ó thaithí ar dhlíteanais scéime	(2.3)	5.6
Athrúithe ar thiomhdí déimeagrafacha agus airgeadais	(8.2)	(4.9)
(Caillteanas)/gnóthachan achtúireach	(23.0)	5.9
Cáin iarchurtha	2.7	(1.1)
(Caillteanas)/Gnóthachan achtúireach iomlán	(20.4)	4.8

Gluaiseacht san easnamh glan i rith na tréimhse airgeadais

Easnamh glan sa scéim ag tús na bliana	(31.3)	(38.4)
Costas seirbhíse reatha	(3.1)	(2.9)
Costas báis i mbun seirbhíse	(0.2)	(0.2)
Ranníocaíochtaí	7.7	7.7
Ús ar dhlíteanais scéime	(9.4)	(8.7)
Toradh ionchais ar shócmhainní scéime	7.9	7.3
(Caillteanas)/gnóthachan achtúireach	(23.0)	5.9
Sochair scoir eile	(1.1)	(0.9)
Cáin iarchurtha	2.7	(1.1)
Easnamh glan ag deireadh na tréimhse airgeadais	(49.9)	(31.3)

NÓTAÍ DO NA CUNTAIS (AR LEAN)

16. Sochair scoir (ar lean)

	Bliain dar críoch Noll-2011	Bliain dar críoch Noll-2010	Bliain dar críoch Noll-2009	10 mí go dtí Noll-2008	Bliain dar críoch Feabh-2008
Stair na gcaillteanas agus na ngnóthachan ó thaithí					
Dífríocht idir an toradh ionchais agus an toradh iarbhír ar	(12.6)	5.2	9.6	(47.3)	(14.3)
% sócmhainní de shócmhainní scéime	(10%)	4%	9%	(60%)	(12%)
 Gnóthachain agus caillteanais ó thaithí ar dhliteanais scéime	(2.3)	5.6	5.6	(8.9)	(2.5)
% de dhliteanais scéime	(1%)	4%	4%	(7%)	(2%)
 [Caillteanas]/Gnóthachan aachtúireach iomlán	(20.4)	4.9	10.3	(19.6)	3.1
% de dhliteanais scéime	(13%)	4%	8%	(16%)	2%

	Noll-2011 €m	Noll-2010 €m
--	-----------------	-----------------

17. Réiteach an easnaimh oibriúcháin leis an nglansreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin

Farasbarr/(leasnamh) ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh chánachas	9.0	(3.0)
Muirir dímheasa	9.7	11.9
Sochair scoir	(1.8)	(2.3)
Caillteanais/(gnóthachain) neamhréadaithe ar infheistíochtaí	2.8	(1.6)
(Laghdú)/méadú ar sholáthairtí teicniúla um árachas sláinte	(39.7)	61.7
Laghdú ár fhéichiúnaithe ó chustaiméirí ag éirí as oibriúcháin árachais	20.4	9.5
Laghdú/(méadú) i bhféichiúnaithe agus réamhíocaíochtaí	11.1	(6.6)
(Laghdú)/méadú ar chreidiúnaithe agus ar fhabhrúithe	(7.0)	13.5
Glan-insreabhadh/(eis-sreabhadh) airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	4.5	83.1

18. Gluaiseacht in infheistíochtaí punainne oscailte agus deiridh

Glan-insreabhadh airgid don tréimhse	1.0	14.2
Infheistíochtaí punainne	0.9	69.9
Gluaiseachtaí ag éirí as sreafaí airgid	1.9	84.1
Athrúithe ar luachanna margaidh	0.3	5.1
Gluaiseacht iomlán sa phunann	2.2	89.2
Infheistíochtaí punainne agus airgead ar láimh ag tús na tréimhse	776.2	687.0
Infheistíochtaí punainne agus airgead ar láimh ag deireadh na tréimhse	778.3	776.2

19. Gluaiseacht in infheistíochtaí airgid tirim agus punainne	Ag 1		Athruithe	Ag 31
	Eanáir	Sreabhadh	ar luach	Nollaig
	2011	airgid	margaidh	2011
	€m	€m	€m	€m
Airgead sa bhanc agus ar láimh	(3.7)	1.0	-	(2.7)
Scaireanna agus urrúis toraidh athraithe eile	6.2	9.0	(2.9)	12.3
Urrúis féich agus urrúis ar ús seasta eile coinnithe le haghaidh trádála	239.2	59.0	2.0	300.3
Urrúis féich agus urrúis ar ús seasta eile coinnithe go haibíocht	505.8	(80.8)	0.9	426.0
Infheistíochtaí eile	2.0	(0.3)	0.2	1.9
Taiscí le hinstiúidí creidmheasa	26.7	13.9	-	40.6
	776.2	1.9	0.3	778.3

20. Anailís ar shreabhadh airgid do ghlan-teidil sa ráiteas faoi shreabhadh airgid	Noll-2011	Noll-2010
	€m	€m
Infheistíochtaí punainne		
Ceannach scaireanna agus urrúis toraidh athraithe eile	9.9	5.0
Ceannach urrúis féich/urrúis ar ús seasta	2,465.5	1,225.2
Ceannach infheistíochtaí eile	(0.3)	0.4
Ceannach taiscí le hinstiúidí creidmheasa	1,269.1	1,449.7
Díol urrúis agus urrúis toraidh athraithe eile	(0.8)	(35.9)
Díol urrúis féich/urrúis ar ús seasta	(2,487.3)	(1,122.9)
Díol taiscí le hinstiúidí creidmheasa	(1,255.1)	(1,451.6)
Glan insreabhadh/eis-sreabhadh airgid ar infheistíochtaí punainne	0.9	69.9

21. Ceangaltais Chaipitil

Ní raibh aon cheangaltais chaipitil suntasacha ann ag deireadh na bliana airgeadais.

22. Idirbhearta Páirtithe Gaolmhara

I gcomhar le mórán aonán eile, déileálann an Bord Árachais Sláinte Shaorálaigh i ngnáthchúrsa gnó le gníomhaireachtaí Rialtais eile, lena n-áirítear Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte trí mheán na n-ospidéal poiblí, agus le hinstiúidí airgeadais faoi úinéireacht an Rialtais. Chomh maith leis sin, ceapann an tAire Sláinte Baill an Bhoird freisin. Dá réir sin, áiríonn idirbhearta le páirtithe gaolmhara Rialtais eile éilimh agus íocaíochtaí costais eile, agus idirbhearta baincéireachta agus infheistíochta. Ní nochtar sonraí a leithéid sin d'idirbhearta ar leithligh mar gurb í tuairim an Bhoird nach ionann é agus eolas úsáideach do léitheoirí na ráiteas airgeadais.

Leasa Baill an Bhoird agus an Rúnaí

Ní raibh aon leas tairbhíúil ag Baill an Bhoird sa Bhord Árachais Sláinte Shaorálaigh nó ina fhoghnóthas ag aon am i rith na bliana.

Féach nóta 24 le haghaidh leasanna i gComhfhiontair, i bhFoghnóthais agus Gnóthais Ghaolmhara.

NÓTAÍ DO NA CUNTAIS (AR LEAN)

23. Íoc Pras Cuntas

An tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997 (arna leasú ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (íocaíocht dhéanach in idirbhearta tráchtála), 2002).

Rinne an tAcht thuasluaite rialú ar na híocaíochtaí a rinneadh i rith na bliana 2011 chun íocaíochtaí déanacha in idirbhearta tráchtála a chomhrac. Baineann an tAcht seo le hearraí agus seirbhísí a chuireann soláthraithe atá bunaithe san Eoraip ar fáil don Bhord Árachais Sláinte Shaorálaigh.

Ráiteas na gcleachtas íocaíochta lena n-áirítear tréimhsí íocaíochta caighdeánacha

Cuireann an Bord Árachais Sláinte Shaorálaigh beartas i bhfeidhm ina n-íoctar sonraisc gan cheistiú uile na soláthraithe laistigh de théarmaí comhaontaithe na híocaíochta. Is ionann na téarmaí caighdeánacha atá sainithe san ordú ceannaigh caighdeánach agus 30 lá. D'fhéadfadh téarmaí íocaíochta eile a bheith i bhfeidhm i gcásanna ina gcomhaontaítear conradh ar leith leis an soláthraí.

Comhlíonadh na Treorach

Comhlíonann an Bord Árachais Sláinte Shaorálaigh riachtanais na reachtaíochta maidir le híocaíochtaí soláthraí uile. Tá mionathrú déanta ar nósanna imeachta agus córais, lena n-áirítear córais ríomhairithe, chun an Treoir a chomhlíonadh. D'fheidhmigh na nósanna imeachta go maith i rith na bliana.

Cinntíonn na nósanna imeachta seo dearbhú réasúnta ach ní iomlán i gcoinne neamh-ghéilliúlacht.

24. Fo-ghnóthais agus Gnóthais ghaolmhara

Is é an Bord Árachais Sláinte Shaorálaigh an t-aonán rialúcháin bunaidh agus feidhmíonn sé mar Vhi um Chúram Sláinte.

Bhunaigh Vhi um Chúram Sláinte fochuideachta, Vhi Occupational Health Ltd, le héifeacht ó Dheireadh Fómhair 2008. Tá an chuideachta seo atá cláraithe in Éirinn suite i dTeach Vhi, Sráid na Mainistreach Íochtarach, Baile Átha Cliath 1. Tá an chuideachta faoi úinéireacht 100% an Bhoird Árachais Sláinte Shaorálaigh. Is é nádúr na n-oibríochtaí sa bhfochuideachta seo ná Seirbhísí Sláinte Saothair a sholáthar.

Chuir Vhi um Chúram Sláinte cuideachta chomhlachaithe ar bun freisin, Vhi HomeCare Ltd, le héifeacht ó Nollaig 2009. Tá an chuideachta seo atá cláraithe in Éirinn suite ag 8, Ionad Gnó an Úlloird, Campas Gnó Iarthar na Cathrach, Baile Átha Cliath 24. Bhí an chuideachta úd faoi úinéireacht 50% an Bhoird Árachais Sláinte Shaorálaigh in 2011. Cheannaigh an Bord Árachais Sláinte Shaorálaigh scaireanna na cuideachta agus beidh sí á rialú ag an mBord Árachais Sláinte Shaorálaigh le héifeacht ó Eanáir 2012. Baineann nádúr na n-oibríochtaí sa chuideachta seo le soláthar Insilte Baile agus Seirbhísí gaoimhara. Cuireadh tús le trádáil i mí Feabhra 2010.

Tá Fiontar ag Vhi um Chúram Sláinte le Centric Health chun trí mhionchlinic um ghortú a fheidhmiú faoin ainm Vhi Swiftcare.

Tugtar léargas ar na haonáin seo in Infheistíochtaí Airgeadais Eile ar an gClár Comhardaithe.

TORTHAÍ COMPARÁIDEACHA

Mar a athluadh					
	Bliain dar críoch Feabh-2008 €m	10 mí go dtí Noll-2008 €m	Bliain dar críoch Noll-2009 €m	Bliain dar críoch Noll-2010 €m	Bliain dar críoch Noll-2011 €m
Préimh tuillte	1,153.0	1,025.4	1,313.6	1,334.9	1,314.1
Éilimh tabhaithe	(940.1)	(972.0)	(1,325.9)	(1,307.3)	(1,234.2)
Creidmheas cánach aoise lúide Tobhach			29.8	37.2	41.1
Costais oibríochta - árachas sláinte	(81.8)	(77.5)	(84.7)	(82.7)	(81.4)
Táirgí coimhdeacha na gcostas oibriúcháin	(9.6)	(7.2)	(7.7)	(7.6)	(7.0)
Toradh ar infheistíocht	16.3	(42.5)	26.7	22.5	(23.5)
(Muirear)/Creidmheas cánach	(18.2)	8.8	6.5	(0.1)	(1.6)
Farasbarr/(easnamh) don tréimhse	119.6	(65.0)	(41.7)	(3.1)	7.4
Farasbarr/(easnamh) / Cóimheas loncaim	10.4%	(6.3%)	(3.2%)	(0.2%)	0.6%
Cúlchistí	422.5	337.9	306.5	308.3	295.2
Sócmhainneacht reachtúil íosta	214.6	224.6	255.3	283.2	294.1

Cóimheasa Airgeadais	%	%	%	%	%
Leibhéal an chorrlaigh shócmhainneachta	35.9	27.7	22.3	22.8	22.3
Éilimh (glanfhaoiseamh cánach aoise) mar % de chuid na préimhe tuillte	81.5	94.8	98.7	95.1	90.8
Costais oibriúcháin mar % de chuid na na préimhe tuillte - árachas sláinte	7.2	7.6	6.4	6.3	6.3

Ríomhtar sócmhainneacht íosta mar atá léirithe thuas de réir fhorálacha Rialachán Neamhshaoil an AE 1976, (arna leasú), rud nach bhfuil sé de dhualgas ar Vhi um Chúram Sláinte a chomhlíonadh i láthair na huaire.

Beidh riachtanais sócmhainneachta nua i bhfeidhm do Ghnóthais Árachais le tabhairt isteach Treoir Sócmhainneachta nua an AE, dá dtagraítear ‘Solvency II’. Tá an Treoir fós á forbairt agus níltear ag súil go dtabharfar chun críche í agus go dtiocfaidh sí i bhfeidhm go dtí 2013 ar a luaithe.

BAINISTIÚ FUINNIMH AGUS INBHUANAITHEACTH

In 2011 d'úsáid Vhi um Chúram Sláinte 5,496,391 kWh fuinnimh, lena n-áirítear:

- 4,476,645 kWh leictreachais. I measc na bpríomhúsáideoirí leictreachais áirítear: soilsiú (22%), cumhacht oifige/ionad sonraí (41%), seirbhísí ginearálta/aerchóirí (30%), cistin (7%).
- 1,019,746 kWh de bhreosla iontaise (gás nádúrtha). I measc na bpríomhúsáideoirí fuinnimh de ghás nádúrtha tá téamh spáis agus seirbhísí uisce te (94%), cistin (6%).

Gníomhartha Curtha i gCrích in 2011

- Soilsiú: Soláthraíodh rialú áitíochta soilsithe le haghaidh seomraí cruinnithe i Vhi um Chúram Sláinte Sráid na Mainistreach agus Vhi um Chúram Sláinte Chill Chainnigh. Dearadh soilsithe glactha de láimh chun soilsiú cliste fluaraiseach T5 a shuiteáil ar an dara agus ceathrú urlár i Vhi um Chúram Sláinte Sráid na Mainistreach – comhlíonadh tionscadail tuartha faoi Samhradh na bliana 2012.
- Córais Bhainistithe Fuinnimh Foirgneamh: Soláthraíodh rialú um modh samhraidh i ndáil le téamh spáis Coire. Feabhsaíodh straitéisí rialaithe eiseacha an choir chun íoslaghdú a dhéanamh ar chaillteanais seasaimh an choir agus uaireanta feidhme an choir a laghdú.
- Ionad TFC/Sonraí: Suiteáladh córas aerchóirithe roinnte i limistéar oifige TF ag ceadú d'íoslaghdú uaireanta feidhme an chórais aerchóirithe lárnaithe.
- Fuinneamh In-athnuaite/Fuinneamh Malartach: Tionscadal taighde curtha i gcrích ag Mac Léinn Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath i ndáil le féidearthacht na gcóras fuinnimh teirmeach gréine agus fótavoltach le haghaidh Vhi um Chúram Sláinte Sráid na Mainistreach.

Soláthraíonn gníomhartha a glacadh de láimh in 2011 coigilteas bliantúil fuinnimh iomlán ionchais réamh-mheasta de 265,000kWh.

Gníomhartha Beartaithe don bhliain 2012

- Monatóireacht agus Tuairisciú Fuinnimh: Tuarascálacha anailíse fuinnimh míosúla a sholáthar i ndáil le foirgnimh uile de chuid Vhi. San áireamh sna tuarascálacha beidh anailís ar ualaí fuinnimh, tomhaltas agus feidhmíocht fuinnimh.
- Soilsiú: Soilsiú cliste fluaraiseach T5 le suiteáil i Vhi um Chúram Sláinte Sráid na Mainistreach agus Vhi um Chúram Sláinte Chill Chainnigh.
- Ionad TFC/Sonraí: Tabhairt faoi staidéar dearaidh an ionaid sonraí i Vhi um Chúram Sláinte Sráid na Mainistreach agus gníomhartha a chur chun feidhme chun éifeachtúlacht infreastruchtúir an ionaid sonraí a fheabhsú.
- Clár Bainistíochta Fuinnimh: Laethanta feasachta fuinnimh a sholáthar do chomhaltaí foirne Vhi mar chuid d'fheachtas feasachta fuinnimh foriomlán.

Meastar go soláthróidh gníomhartha atá beartaithe don bhliain 2012 coigilteas fuinnimh bliantúil measta de 300,000kWh.